An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

# Tuarascáil Bhliantúil 2016

# Tuarascáil Bhliantúil | 2016

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

# Clár

Achoimre Fheidhmeach ........ 4

1. Caiteachas Poiblí a bhainistiú níos fearr ........ 8

2. Polasaithe Caiteachais Chaipitil agus Earnála ........ 11

3. Breatimeacht agus Comhoibriú Idirnáisiúnta ........ 14

4. Caidreamh Tionsclaíoch, Pá sa tSeirbhís Phoiblí agus Pinsin ........ 16

5. Athnuachan na Státseirbhíse ........ 18

6. Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí ........ 22

7. Rialtas Digiteach ........ 28

8. Soláthar don Earnáil Phoiblí ........ 30

9. Seirbhisí Comhroinnte ........ 32

10. Ag tacú leis an bhFoireann a misean a bhaint amach ........ 34

# Achoimre Fheidhmeach

Is éard atá i misean na Roinne ná freastal ar leas an phobail trí thacú le caiteachas poibí a sholáthar atá bainistithe go maith, dírithe go maith agus inmharthana trí sheirbhísí poiblí atá nua-aimseartha, éifeachtach agus cuntasach.
Agus í ag tacú leis an misean seo, cuireann an Roinn dhá sprioc straitéiseacha roimpi:

- Chun caiteachas poiblí ar leibhéil inmharthana a bhainistiú ar bhealach pleanáilte, réasúnta agus cothrom a thacaíonn le forbairt gheilleagrach agus dul chun cinn sóisialta na hÉireann; agus

- Chun struchtúir maidir le bainistíocht phoiblí agus rialú bheith ann tá éifeachtach agus a fhreagraíonn an saoránach, agus atá follasach agus cuntasach, agus a fheabhsóidh éifeachtúlacht caiteachais phoiblí dá réir.

Tá achoimre ar chuid de phríomhghnéithe obair na Roinne chun an dá sprioc seo a bhaint amach in 2016 leagtha amach thíos, agus tá sonraí breise faoi sa tuarascáil. Ar a bharr sin, cuirtear naisc chuig eolas breise, agus ar Shuíomh na Roinne, curtha ar fáil sa tuarascáil.

## Caiteachas Poiblí a bhainistiú níos fearr

Sa bhliain 2016, athraíodh polasaí fioscach chuig an gComhaontú Cobhsaíochta agus Fáis agus bhí athrú suntasach sna heochairspriocanna fioscacha a bhí ag teastáil mar chuid de reachtaíocht bhaile agus de reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. I ndiaidh gur foilsíodh Clár do Rialtas Comhpháiríochta i mBealtaine, leagadh amach na mórpharaiméadair le haghaidh fás maicreacnamaíoch agus fioscach chomh maith leis na constaicí sa mheántéarma i Ráiteas ar an gGeilleagar an tSamhraidh, a rinneadh a chomhfhoilsiú leis an Roinn Airgeadais. D'eagraigh an dá Roinn an Comhphlé Náisiúnta ar an nGeilleagar (NED) i Meitheamh 2016 chun idirbheartaíocht ionraic agus cuimsitheach a éascú ar na tosaíochtaí geilleagair agus sóisialta a bhí roimh an Rialtas agus Buiséad 2017 á chur le chéile aige.

D'fhoilsigh an Roinn ina dhiaidh sin an Tuarascáil Chaiteachais 2017 ar Lá an Bhuiséid (11 Deireadh Fómhair), inar leagadh amach na mionsocruithe buiséid le haghaidh 2017 agus uaschaiteachas trí bliana na nAirí ar feadh trí bliana. Rinne sé maoirseacht ar chaiteachas iomlán reatha ag Ranna de €51.8 billiún sa bhliain 2016, agus léirigh sé seo méadú bliain ar bhliain de bhreis agus €900m nó 1.8% thar tháirgeacht 2015 de €50.9 billiún, a léiríonn tiomantas an rialtais chun soláthar seirbhísí poiblí a chaomhnú agus a fheabhsú. I 2016 sa Ráiteas ar an nGeilleagair an tSamhraidh, thug an Rialtas tiomantas chun €6.75 billiún ó mhaoiniú an Státchiste le haghaidh seirbhísí poiblí faoi 2021. Bhainistigh an Roinn caiteachas Vótáilte de réir an méid a bhí leagtha amach sa Tuairisc Chaiteachais agus d'oibrigh an Roinn freisin ar an bhfaisnéis feidhmíochta a neartú sna Meastacháin Leasaithe um Sheirbhísí Poiblí.

Seoladh Straitéis Mheántéarmach Sheirbhís um Gheilleagar agus Mheastóireacht Rialtas na hÉireannn 2016-2019 sa bhliain 2016 agus díríonn sé ar tháirgeacht mhéadaithe IGEES d'ardchaighdeán chun dul i bhfeidhm ar an bpróiseas um anailísiú polasaí agus chun cur leis an bplé ar an bpolasaí i Rannóga an Rialtais.

Leanadh leis an obair chun an togra um buiséadú feidhmíochta maidir le leithdháileadh acmhainní agus cinnteoireacht ar fud 2016. Cuireadh seisiúin oiliúna agus forbartha ar bun faoi na riachtanais mheastóireachta agus breithmheastóireachta an Chóid Chaiteachais Phoiblí mar chuid de Chlár Oiliúna Iarchéime AO. D'eisigh an Roinn freisin roinnt cáipéisí treoracha ar eochairpholasaithe, go háirithe Treoir Maidir le Bainistiú Riosca le haghaidh Ranna agus Oifigí Rialtais, 2016 agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

## Polasaithe Caiteachais Chaipitil agus Earnála

Rinne an Roinn maoirseacht ar chaiteachas iomlán caipitil ag Ranna de €4.2 billiún sa bhliain 2016, a léirígh méadú bliain ar bhliain in infheistíocht chaipitil de bheagnach €500 milliún. Gheall an Rialtas go gcuirfeadh sé €5.14 billiún sa bhreis ar fáil in infheistíocht chaipitil ón Státchiste thar an tréimhse 2017-2021, agus go leithdháilfear sin chun tacú le réimsí infheistíochta ar tosaíochtaí iad agus sin bunaithe ar thoradh an athbhreithnithe ar an bPlean Caipitil atá le tabhairt faoi go luath sa bhliain 2017. Forbraíodh freisin moladh chun athbhreithniú sa bhreis a dhéanamh ar riachtanais phleanála in Éirinn maidir le bonneagar caipitil san

fhadtéarma agus d'aontaigh an tAire leis seo.

Lean an Roinn de bheith ag obair le roinnt de Ranna an Rialtais chun tacú le heochaircheisteanna polasaí caiteachais san earnáil, agus chun iad a chur chun cinn, lena n-áirítear: gníomhú, oiliúint agus oideachas; cúram leanaí ar phraghas inacmhainne; ceisteanna a bhaineann le hearnáil na sláinte agus na córa; cosc agus idirghabháil luath; Plean Gníomhaireachta le haghaidh Post; agus gníomh ar chúrsaí aeráide. Tá cuid de na sonraí maidir leis seo leagtha amach sa tuarascáil.

## Breatimeacht agus Comhoibriú Idirnáisiúnta

Chuaigh an Roinn i ngleic go gníomhach leis na ceisteanna a thagann chun cinn mar thoradh ar an mBreatimeacht, agus chuir siad le hobair Choiste na Comh-Aireachta agus leis an nGrúpa Idir-Rannach faoi réimse de réimsí beartais. Tháinig sé ar chomhréiteach leis an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus le hOifig Mhaoinithe na hEorpa sa Bhreatain Bheag maidir le téarmaí clásail chosanta a chumasaigh go bhféadfaí cláir tras-teoranna maoinithe ón Aontas Eorpach dul ar aghaidh.

Thacaigh an Roinn le forbairt pholasaí an Aontais Eorpaigh sa Rialtas, agus thacaigh sé le hobair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) agus leis na forais Thuaidh Theas.

## Caidreamh Tionsclaíoch, Pá sa tSeirbhís Phoiblí agus Pinsin

Príomhfhócas de chuid na Roinne sa bhliain 2016 ba ea dul ar aghaidh le costas pá sa tseirbhís phoiblí agus an bille pinsin a bhainistiú ar bhonn inmharthana agus chun cúrsaí a choinneáil socair sa chaidreamh tionsclaíoch sa tseirbhís phoiblí.

Bunaíodh an Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí (PSPC) go foirmeálta i nDeireadh Fómhair 2016 chun comhairle a chur ar an Rialtas maidir le polasaí íocaíochta na Seirbhíse Poiblí. Meastar go bhfoilseofar an chéad tuarascáil uaidh i Ráithe 2, 2017.

Tugadh faoi obair shuntasach ar chúrsaí pinsin, lena n-áirítear dul chun cinn ar Thogra chun Scéim Aonair Phinsin sa tSeirbhís Phoiblí a riar agus Scéim Dócmhainneachta Íocaíochtaí Pinsin; athbhreithniú ar reachtaíocht Pinsean na Státseirbhíse; agus tús le meastóireacht ar dhliteanais iomlána scéimeanna pinsean in Éirinn mar chuid de Chuntais Náisiúnta.

## Leasú sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a chur chun cinn

### *Athnuachan na Státseirbhíse*

Chomhordaigh agus thiomáin an roinn cur i bhfeidhm Phlean Athnuachana na Státseirbhíse, a ndéanann Bord Bainistíochta na Státseirbhíse bainistíocht air. Tá cuid mhór de na 25 ghníomh atá sa Phlean seo á gcur i bhfeidhm go díreach ag an Roinn agus rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2016 maidir leo, lena n-áirítear tús curtha le straitéis nua Acmhainní Daonna le haghaidh na Státseirbhíse; forbairtí suntasacha i bpróisis feidhmíochta na bainistíochta sinsearaí agus bainistíocht feidhmíochta le haghaidh na foirne uile; tearcfheidhmíocht a bhainistiú níos éifeachtaí; infheistíocht a dhéanamh i bhfoghlaim agus i bhforbairt níos éifeachtaí; scéim phíolóta soghluaisteachta; cláir láidre bainistíochta tallainne a chur i bhfeidhm; tograí a fhorbairt chun cothromaíocht níos fearr inscne a chinntiú sa Státseirbhís sa todhchaí, go háirithe ar leibhéil shinsearacha; caighdeán nua um rialú corparáideach a thabhairt isteach le haghaidh na Státseirbhíse; agus tús le hathbhreithniú píolóta ar chumas eagraíochtúil.

### *Leasú na Seirbhíse Poiblí*

Rinne Oifig Leasuithe agus Soláthair na Roinne maoirseacht ar bhreis agus 200 gníomh agus chuir siad chun cinn iad sa dara Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí (2014-2016). Áiríodh le príomhthionscnaimh breis forbartha ar thairseach na hOifige Leasuithe, ar acmhainní a fhorbairt agus ar dhea-chleachtais a roinnt. Cuireadh tús le hobair freisin ar chomharba ar an bPlean a fhorbairt, a mheastar a fhoilseofar i lár 2017.

I suirbhé a rinnead ar Chustaiméirí Gnó na Státseirbhíse a cuireadh i gcríoch i Nollaig 2016 cuireadh in iúl go raibh 82% de chustaiméirí gnó sásta leis an tseirbhís a fuair siad. Léirigh Tuarascáil an Fhorais Riaracháin ar Threochtaí na hEarnála Poiblí 2016 go bhfuil Éire sa chéad áit in EU28 maidir leis an riarachán poiblí is gairmiúla agus is lú polaitithe agus go meastar go bhfuil seirbhísí poiblí na hÉireann go fóill ar na seirbhísí is lú maorlathais san Eoraip.

Chuidigh an Roinn le Státseirbhísí agus le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí úsáid chuí a bhaint as Múnlaí Éagsúla de Sholáthar Seirbhíse, lena n-áirítear Soláthar Seirbhíse ar bhonn seachtrach agus Uathoibriú Próisis Ghnó. Rinne sé cómhaoiniú ar an togra Benefacts.ie agus comhoirdiú ar obair Bhord an Tionscnaimh um Feidhmiú Bainistithe Fiachais sa mhéid is gur thacaigh sé le tionscnaimh phíolóta chun bainistiú fiachais agus feidhmíocht bailithe a fheabhsú.

### *Oscailteacht, Trédhearcacht agus Cuntasacht*

Tugann an Roinn faoi chlár leathan feidhmíochta dírithe ar rialtas oscailte, cuntasach agus eiticiúil a sholáthar a bhfuil córas poiblí éifeachtach agus trédhearcach mar bhonn agus mar thaca aige chun cuidiú le muinín a thógáil sa Rialtas agus in institiúidí an Stáit arís. Le linn 2016, foilsíodh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chomhpháirtíocht Oscailteachta Rialtais 2016-2018 i ndiaidh comhairliúcháin trí úsáid a bhaint as ardán comhairliúcháin ar líne agus dhá fhóram chathracha. Tugadh faoi bhreis oibre chun tacú le cur i bhfeidhm tionscnamh reachtúla a forbraíodh le blianta beaga anuas, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnése 2014, an tAcht um Nochtadh faoi Chosaint 2014, an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 agus an Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil. Táthar ag tógáil orthu seo tríd an obair leanúnach chun Bille um Rialú agus Roinnt Sonraí agus an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015.

Foilsíodhcaighdeán corpráideach rialaithe le haghaidh na Státseirbhíse; chomh maith le Treoirlíne um Feidhmeanna a Aistriú agus Lámhleabhar Dea-Chleacthais agus Cód Caighdeán agus Iompair le haghaidh Sainchomhairleoirí; agus tugadh faoi athbhreithniú ar Phróiseas Ceapacháin Bhord an Stáit.

D'fhéadfaí rialú níos oscailte, trédhearcaí agus cuntasaí bheith ann de bharr an tionscnaimh um Shonraí Oscailte agus d'fhéadfaí buntáistí faoi leith a bhaint amach dá réir. Áiríodh le príomhthionscnaimh sa bhliain 2016 ná méadú na tairsí náisiúnta sonraí, na for-rochtana agus na rannpháirtíochta le comhlachtaí poiblí agus le páirithe leasmhara ar Straitéis um Shonraí Oscailte 2017-2021 a fhorbairt.

### *Rialtas Digiteach*

Cuireann Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO), in éineacht le Ranna Rialtais agus gníomhaíochtaí sa tSeirbhís Phoibli, chun cinn cur i bhfeidhm Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí chun an treoir ina mbeidh nuálaíocht agus barr feabhais i TFC a leagan síos sa tSeirbhís Phoiblí. Dírítear sa Straitéis ar 5 phríomhchuspóir - Tóg le Roinnt; Digiteach chun Tosaigh; Sonraí mar Chumasóir; Rialú a Fheabhsú; agus Cumas a Mhéadú. Áirítear leis an méid a baineadh amach sa bhliain 2016 ná forbairt Plean Gníomhaíochta 18 gCéim, i gcomhairle leis na Ranna agus na Gníomhaireachtaí, chun cur i bhfeidhm na Straitéise TFC a chur chun cinn. Áirtear leis an bPlean Gníomhaíochta Oifig Phlean Dhigitigh; leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, ag spreagadh go nglacfar leis an gCárta um Sheirbhísí Poiblí; ag cur Tionscnamh Náisiúnta Bonneagair Sonraí; ag obair le Ranna chun caighdeáin maidir le forbairt, úsáid agus bainistiú TFC a leagan síos, agus scileanna na foirne TFC a mhéadú. Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin maidir leis an gclár Tóg le Roinnt a chur chun cinn agus go háirithe cur i bhfeidhm comhiarratais le haghaidh Ranna chun aighneachta agus freagraí ar Cheisteanna Parlaiminte a bhainistiú.

Leagann an OGCIO de sheirbhísí TFC a sholáthar don Roinn, lena n-áirítear an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus an Oifig um Sholáthar Rialtais, chomh maith leis an Roinn Airgeadais.

### *Soláthar Poiblí*

Tá an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chun tosaigh maidir leis an gClár um Athchóiriú Soláthair a chu r i bhfeidhm agus dá bhrí sin bíonn leibhéil mhéadaithe comhoibrithe agus comhsheasmhachta ann i soláthar na seirbhíse poiblí agus i soláthar coigilteas de bheagnach €100 milliún sa bhliain 2016, agus €94 milliún de choigiltis le cumasú ó na tionscnaimh seo sa bhliain 2017. Ba shuntasach an comhréiteach ar thángthas air le Cumann Cúram Sláinte na hÉireann don Chógaisíocht maidir le cógais leighis a sholáthar a chumasóidh coigiltis de €560 milliún sna ceithre bliana atá amach romhainn, le cois an €200 milli ún i gcoigilitis chumasaithe ón gcomhaontú a bhí ann roimhe (2012).

Chuaigh an OGP i gcomhairle lena bpáirtithe leasmhara; d'aistrigh treoracha ón Aontas Eorpach go dlí na hÉireann; mhéadaigh trédhearcacht sa soláthar poiblí agus d'fheabhasaigh ainilís ar shonraí tríd an Tuarascáil ar Chaiteachas agus Soláthar sa tSeirbhís Phoiblí a sheoladh; agus chuir chun cinn gairmiúlú an tsoláthair phoiblí sa tseirbhís phoiblí. Bhain sé ceithre dhuais ag na Duaiseanna um Sholáthar Náisiúnta agus Slabhra

Soláthair; bhí sé sa bhabhta ceannais don duais *Foireann Soláthair na Bliana - Earnáil Phoiblí;* agus ar an ngearrliosta don duais *Barr Feabhais i gCúrsaí Polasaí* ag na Duaiseanna Barr Feabhais agus Nuálaíochta.

### *Seirbhisí Comhroinnte*

D'éirigh leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) ranna cliant agus comhlachtaí sa tseirbhís phoiblí a bhaineann leis an dá ionad roinnte de chuid na Státseirbhíse: Ionad na nAcmhainní Daonna agus Pinsean agus Ionad na Seirbhisí Roinnte Párolla, agus ba é líon iomlán na gcustaiméirí a ndearnadh freastal orthu ná go díreach faoi 100,000. Chuir sé chun tosaigh freisin an tionscnamh um Seirbhisí Comhroinnte Bainistithe Airgeadais trí ardán nua aonair teicneolaíochta airgeadais a fhorbairt. Thacaigh an NSSO le príomhearnálacha de chuid na Seirbhíse Poiblí eadhon Oideachas, Sláinte agus Rialtas Áitiúil agus iad ag cur chun cinn a gcuid pleananna aonair maidir le seirbhísí comhroinnte.

## Ag tacú leis an bhFoireann a misean a bhaint amach

D'fhorbair Aonad Straitéise Roinn na nAcmhainní Daonna agus sholáthraigh Straitéis Acmhainní Daonna na Roinne agus chuir réimse leathan de sheirbhísí Acmhainní Daonna ar fáil d'fhoireann an Roinne. Bhainistigh sé leibhéil shuntasacha d'athnuachan foirne agus chuir deiseanna oiliúna agus forbartha ar fáil don fhoireann faoin Straitéis Foghlama agus Forbartha ONE HR 2015-2017. Chuir sé struchtúir i bhfeidhm freisin ionas go bhféadfaí an NSSO agus an OGP feidhmiú go neamhspleách ar bhonn riaracháin, agus sin ag brath ar reachtaíocht a thabhairt chun cinn chun iad a bhunú ar bhunús neamhspleách mar oifigí faoi sciath chosanta na Roinne.

De réir riachtanais reachtúil nach mór do gach Ard-Rúnaí Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a chur isteach nuair a cheaptar Aire nua, foilsíodh Ráiteas Straitéise 2016-2019 nua de chuid na Roinne i mí na Nollag. I rith 2016, chuir an fhoireann chorparáideach ar fáil tacaíocht chorparáideach don Ard-Rúnaí agus don Roinn ar bhonn níos ginearálta, agus rinne comhordú ar chur chuige na Roinne maidir le rialú, le bainistíocht riosca agus le comhlíonadh. Thacaigh sé leis an gCoiste Rialaithe agus leis an mBord Bainistíochta san obair leanúnach s'acu chun monatóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta dea-chleachtais rialaithe sa Roinn agus chun iad a mhéadú. Chuir sé tús freisin leis an obair chun socruithe nua bainistithe airgeadais a chur i bhfeidhm don Roinn, lena n-áirítear Aonad Airgeadais nua a bhunú.

Chuir an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus an Aontais Eorpaigh seirbhís iniúchóireachta inmheánaí ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Roinn Airgeadais agus chuir sé i gcrích Plean Straitéiseach Iniúchóireachtaí Inmheánaí 2016-19 chun a chuid tosaíochtaí a chur in oiriúint de réir Phlean Straitéiseach na Roinne don tréimhse sin. Lena chois sin, thug sé tacaíocht shuntasach ar fáil don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i bhforbairt agus i maoirseacht córais láidir agus leathain ar fud na gclár seirbhísí comhroinnte.

### *Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse (CSEAS)*

Thug an CSEAS réimse leathan de thacaíocht ar fáil don bhainistíocht agus d'fhostaithe ar fud na Státseirbhíse ar bhonn réigiúnach. Cuireadh tús le hobair chun Treoir le haghaidh Bainisteoirí Líne a fhorbairt agus cuireadh tús freisin le próiseas comhairliúcháin le fócasghrúpa tras-ranna. Seoladh CSEAS Connect, an nuachtlitir nua leathbhliantúil, sa bhliain 2016 agus lean fócas an CSEAS ar chur chun cinn dearfach sláinte agus folláine san ionad oibre i rith 2016. Chuir sé tuilleadh béime i rith na bliana ar fhéinbhás a chosc, agus áiríodh leis sin dul i ngleic le tionscnaimh chun cuidiú le ranna Acmhainní Daonna agus iad ag freagairt foirne a bhfuil ciapadh an fhéinbhásaithe orthu.

### *Oifig an Phríomhoifigigh Leighis (CMO)*

Sholáthraigh an CMO seirbhís sláinte cheirde éifeachtúil agus cost-éifeachtúil chomh maith le comhairle polasaí ar ghnéithe a bhaineann le sláinte cheirde don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí le linn 2016. Bhí baint mhór ag an CMO le nuashonrú a dhéanamh ar na próisis reatha saoire bhreoiteachta/pá tinnis chriticiúil/cumais, i dteannta le cúnamh reatha don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus an Oifig um Sholáthair Rialtais.

# 1. Caiteachas Poiblí a bhainistiú níos fearr

## An Próiseas meastóireachta a bhainistiú

Ba í an bhliain 2016 an chéad bhliain d'Éirinn bheith faoi sciath chosanta an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Fáis (leasaithe) a bhí mar chuid de chomhthéacs foriomlán an phróisis bhainistithe chaiteachais. Lean an Roinn ar aghaidh de bheith ag dul i gcomhairle agus i mbun plé leis an Troika[1] ar cheisteanna caiteachais sa bhliain 2016 agus ghlac sé páirt i gcruinnithe foirméalta monatóireachta iar-chláir agus rinne idirbheartaíocht maidir le Ráitis dheiridh athbhreithnithe agus tuarascálacha lena chinntiú go gcuirfí tuairimí na hÉireann chun tosaigh agus go mbeadh na tuarascálacha de réir an phlé a tharla roimhe.

Sa bhliain 2016, d'fhoilsigh an Roinn an Tuarascáil Chaiteachais 2017, inar leagadh amach na mionsocruithe buiséid le haghaidh 2017 agus uaschaiteachas trí bliana na nAirí ar feadh trí bliana.

Sa cheathrú dheiridh de 2016, d'fhoilsigh an Roinn an tImleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2017 inar leagadh amach mionleithdháileadh cáiteachais 2017. In Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2017 tá eolas feidhmíochta le haghaidh gach Vóta ina leagtar amach na príomhsheirbhísí agus na príomhghníomhaíochtaí atá maoinithe ag acmhainní poiblí agus na beartais ard-leibhéil a bhaineann le comhthéacs agus le tionchar na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí seo.

## Caiteachas Vótáilte a Bhainistiú

Is í an Dáil a údaraíonn maoiniú le haghaidh seirbhísí agus ghníomhaíochtaí an Rialtais gach bliain i mblocanna caiteachais ar a dtugtar Vótaí. Is réimse faoi leith de chaiteachais Rialtais é gach Vóta atá mar fhreagracht ag Rannóg nó Oifig Rialtais aonair. Déanann An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe monatóireacht agus bainistíocht ar chaiteachas trí Vótaí aonair agus déanann sé anailís agus bainistiú ar chaiteachas poiblí ina iomláine.

Sa bhliain 2016, rinne an Roinn monatóireacht ar threochtaí caiteachais i rith na bliana; rinne iomscrúdú agus measúnacht ar mholtaí ó Rannóga agus ó Ghníomhaíochtaí ar bhonn luach ar airgead agus ar bhonn tosaíocht a dhéanamh d'acmhainní agus chuir comhairle ar fáil ar cé acu ba chóir na moltaí a cheadú nó nár chóir; agus rinne athbhreithniú agus chuir comhairle ar fáil ar pholasáí agus ar fheidhmíocht na gcomhlachtaí Stáit. Rinne an Roinn maoirseacht ar chaiteachas iomlán reatha ag Ranna de €51.8 billiún sa bhliain 2016, agus léirigh sé seo méadú bliain ar bhliain de bhreis agus €900m nó 1.8% thar tháirgeacht 2015 de €50.9 billiún, a léiríonn tiomantas an rialtais chun soláthar seirbhísí poiblí a chaomhnú agus a fheabhsú. I 2016 sa Ráiteas ar an nGeilleagair an tSamhraidh, thug an Rialtas tiomantas chun €6.75 billiún ó mhaoiniú an Státchiste le haghaidh seirbhísí poiblí faoi 2021. Socrófar ar an maoiniú breise sna blianta amach romhainn trí athbhreithniú ar chaiteachas a chur i gcrích sa bhliain 2017.

As 41 Vóta san iomlán a caitheadh, bhainistigh 33 Vóta caiteachas laistigh den leithdháileadh bunaidh don bhliaiin 2016, agus fuair na Vótaí eile Meastacháin sa Bhreis. Áiríodh leo seo, mar shampla, acmhainní breis do na hearnálacha sláinte agus córa chun dul ar aghaidh ag soláthar seirbhísí poiblí riachtanacha, caiteachas caipitil sa bhreis chun déileáil le damáiste ó thuilte chomh maith le hoibreacha scoile a athsceidealú, soláthar le haghaidh Bónais Nollag Leasa Shóisialta, leithdháileadh de chaiteachas faoi leith laistigh de Ghrúpaí Vótaí le bheith maoinithe ag coigiltis laistigh de na Grúpaí Vótaí sin, agus maoiniú sa bhreis don an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i gcomthéacs an ullmhúcháin le haghaidh Brexit. Mar gheall ar choigiltis sna Ranna eile tá caiteachas foriomlán na bliana de réir an méid atá leagtha amach i dTuarascáil Chaiteachais 2017.

D'oibrigh an Roinn freisin ar an bhfaisnéis feidhmíochta a neartú sna Meastacháin Leasaithe. Mar thoradh air seo, tá na tionchair agus na torthaí a bhfuil polasaí poiblí ag iarraidh tionchar a imirt air - mar shampla, torthaí sláinte, sábháilteacht phoiblí, caighdeáin litearthachta agus ardoideachas, inmharthanacht fuinnimh - leagtha amach go soiléir anois taobh leis an gcaiteachas atá bainteach leo. Leanfaidh an Roinn de bheith ag plé agus ag dul i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara chun cuidiú le leabú buiséadú feidhmíochta sa phróiseas buiséid.

---

[1] Ba chóir a thabhairt faoi deara as siocair gur íoc Éire ar ais cuid an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta den mhaoiniú Cláir, tá an CAI anois ar ais ag tabhairt faoi Mhisin Airteagal IV in áit na monatóireachta iar-chláir ar thug an Coimisiún agus an Banc Ceannais Eorpach/an Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais.

## Athchóiriú Buiséid

Mar a luadh cheana féin, sa bhliain 2016 bhí athrú suntasach ar pholasaí fioscach nuair a aistríodh ó sciathan ceartaitheach go dtí an sciathán cosanta den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis. Ciallaíonn sé seo gur tháinig athrú suntasach ar na príomhspriocanna fioscacha a bhí ag teastáil mar chuid de reachtaíocht bhaile agus de reachtaíocht an Aontais Eorpaigh idir 2015 agus 2016. D'fhreagair an Roinn an dúshlán seo trína cumas inmheánach agus a saineolas a neartú lena chinntiú go leathnófar eolas ar an sciathán cosanta ar fud na Roinne, ar fud Ranna eile agus i mórearnáil an Rialtais.

I ndiaidh gur cuireadh an Rialtas nua le chéile i mBealtaine agus nuair a aithníodh tosaíochtaí caiteachais an Rialtais thar na mblianta ina dhiaidh, a bhfuil na mionsonraí faoi sa Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta, chomhfhoilsigh an Roinn, i dteannta leis an Roinn Airgeadais, Ráiteas an tSamhraidh ar an nGeilleagar. Leagtar amach ann na mórpharaiméadair le haghaidh fás maicreacnamaíoch agus fioscach agus laincisí le linn na meántéarma agus d'éascaigh sé plé maidir le roghanna fioscacha agus tosaíochtaí roimh Bhuiséad agus Meastacháin Dheireadh Fómhair.

D'eagraigh an Roinn, i gcomhairle leis an Roinn Airgeadais, an Comhphlé Náisiúnta ar an nGeilleagar (NED) i Meitheamh 2016. D'éascaigh sé seo idirbheartaíocht ionraic agus cuimsitheach ar na tosaíochtaí geilleagair agus sóisialta a bhí roimh an Rialtas agus Buiséad 2017 á chur le chéile aige, i bhfianaise na bparaiméadar maicreacnamaíoch agus fioscach. D'fhoilsigh an Roinn páipéir freisin le haghaidh ceithre sheisiún ar leithligh ag an NED chun an comhphlé a éascú agus a theorú - is féidir teacht ar na páipéir seo anseo.

Chun rannpháirtíocht leis an mbuiséad agus maoirseacht air ag an Oireachtas, d'fhoilsigh an Roinn an Tuarascáil Chaiteachais Lár-Bhliana *(MYER)* i mí Iúil 2016. Sonraíodh ann na paraiméadair chaiteachais sna blianta atá amach romhainn agus léirigh sé cuid de na roghanna caiteachais atá ag teacht chun cinn a aithníodh sa Chlár Rialtais. Ba é ba chúis le foilsiú luath MYER ná plé oscailte a éascú le Roghchoiste an Oireachtais ar Mhaoirseacht Bhuiséid faoi thosaíochtaí caiteachais an Rialtais roimh Bhuiséad 2017 a chur le chéile.

Ina óráid ar an mBuiséad, d'fhógair an tAire go mbeadh Athbhreithniú ar Chaiteachas ann roimh Bhuiséad 2018. Ó bhí tús na géarchéime geilleagair agus airgeadais ann, bhí ról tábhachtach ag iarrachtaí na hÉireann chun polasaí caiteachais a chur ar bhonn níos inbhuanaithe. Tá athrú iomlán ar chúrsaí fioscacha agus geilleagair in Éirinn ó bhí an Atbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas ann sa bhliain 2014. Tá fás measartha, inbhuanaithe caiteachais anois beartaithe as mheán-téarma. Mar gheall ar éilimh mhéadaithe agus iomaíocha sa tseirbhís phoiblí, áfach, is amhlaidh go mbeidh bainistíocht an chaiteachais dúshlánach. Is féidir le hathbhreithnithe ar chaiteachas tacú le roghanna níos fearr polasaí trína chinntiú go ndéantar gach caiteachas a mheas le linn an phróisis bhuiséid. Cuireadh tús leis an mbunobair chun an próiseas agus chun línte ama le haghaidh an athbhreithnithe seo a fhorbairt sa bhliain 2016 agus leanfar ar aghaidh leis seo go 2017.

Sa bhliain 2016, leanadh leis an obair chun an togra um buiséadú feidhmíochta maidir le leithdháileadh acmhainní agus cinnteoireacht a leabú. Tá an tionscnamh faoi réir athbhreithniú agus feabhsú leanúnach ó glacadh isteach é sa bhliain 2011. I ndiaidh gur foilsíodh an tImleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2016, tugadh faoi mhionathbhreithniú ar an eolas feidhmíochta a tugadh. Ar aon dul leis seo, forbraíodh treoirlínte cuimsitheacha ar mhéadrach cuí feidhmíochta a roghnú agus a thuairisciú. Bunaithe ar na treoirlínte seo agus toradh an athbhreithnithe, ullmhaíodh mionaischothú le haghaidh gach Rannóg Rialtais. Ba é an toradh a bhí leis an aischothú seo, le cois an chomhairliúcháin leanúnaigh leis na Ranna, ná feabhas suntasach ar cháilíocht an eolais feidhmíochta a cuireadh ar fáil don Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe (LEAS) 2017.

## Cód Caiteachais Phoiblí

Leagtar amach sa Cód Caiteachais Phoiblí na rialacha agus na treoirlínte chun caiteachas poiblí a mheas. Sa bhliain 2016, chuir an Roinn seisiúin oiliúna agus forbartha ar bun faoi na riachtanais mheastóireachta agus breithmheastóireachta an Chóid Chaiteachais Phoiblí mar chuid de Chlár Oiliúna Iarchéime AO.

## Seirbhís Gheilleagair agus Mheastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES)

Is seirbhís chomhtháite agus tras-Rialtais é IGEES a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le ceapadh agus cur i bhfeidhm níos fearr polasaí sa Státseirbhí trí anailís agus meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar an

ngeilleagar agus ar staitisticí. Is é an cuspóir atá le IGEES ná chun cur le ceapadh agus fócású níos fearr pholasaí Rialtais agus tá foireann de chuid an IGEES ag obair i ngach Roinn agus iad ag cur a riar scileanna leis an saineolas áirithe atá ag obair ar an bpolasaí sin.

Seoladh Straitéis Mheántéarmach an IGEES 2016-2019 sa bhliain 2016. Díríonn an straitéis ar tháirgeacht mhéadaithe IGEES d'ardchaighdeán chun dul i bhfeidhm ar an bpróiseas um anailísiú polasaí agus chun cur leis an bplé ar pholasaí.

Táclár oibre IGEES 2016 agusbreis agus 35 páipéar a d'eisigh IGEES, ina ndéantar anailís ar cheisteanna i réimse d'earnálacha lena n-áirítear Sláinte, Coimirce Shóisialach, Oideachas, Polasaí Cánach, agus caiteachas caipitil ar fáil ar shuíomh idirlín IGEES.

Lean an fás ar bhallraíocht IGEES i 2016 le hearcaíocht speisialta iarchéime ionas go mbeadh acmhainní mar ba cheart curtha ar fáil do róil IGEES i Ranna Rialtais. Tá rochtain ag foireann IGEES ar Chlár Forbartha Gairmiúla Leanúnach ina bhfuil oiliúnt chomhtháite agus sruthanna forbartha a dhéantar a sholáthar go hinmheánach (le saineolaithe ó laistigh den tSeirbhís) agus cúrsaí acadúla sna hollscoileanna. Is féidir go dtabharfaidh foireann IGEES faoi dheiseanna struchtúrtha soghluaiseachta chun obair in aonaid IGEES i Ranna eile chun a gcuid riar scileanna agus taithí a leathnú.

## Cuntasaíocht Rialtais

Sa bhliain 2016, d'eisigh an Roinn roinnt cáipéisí treoracha ar eochairpholasaithe, go háirithe Treoir Maidir le Bainistiú Riosca le haghaidh Ranna agus Oifigí Rialtais, 2016 agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

Foilsíodh an *Treoir um Bainistíocht Riosca le haghaidh Ranna agus Oifigí Rialtais, 2016* i bhFeabhra 2016. Cuireann an treoir nuashonraithe chun cinn an fhorbairt leanúnach ar bhainistiú riosca i Ranna agus in Oifigí Rialtais lena n-áirítear leabú agus comhtháthú riosca bainistithe mar chuid lárnach de chreatlach rialaithe Ranna agus Oifigí Rialtais.

Tugann *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú, 2016* creatlach chun dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i rialú corparáideach le haghaidh Comhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhthráchtála. Tá sé bunaithe ar na prionsabail bhunúsacha de dhea-rialú: cuntasacht, trédhearcacht, ionracas agus béim ar rath inbhuanaithe an chomhlachta Stáit san fhadtéarma. Tugann an Cód soiléireacht níos fearr maidir le róil agus le freagrachtaí Bhord chomhlacht Stáit agus cuireann sé béim níos mó ar chuntasacht agus ar thrédhearcacht agus ar chaidrimh éifeachtacha a chinntiú idir an Aire/Roinn agus an Comhlacht.

Forbraíodh Modúl Oiliúna Cuntasaíochta mar chuid de Chlár Oiliúna Iarchéime an AO agus cuireadh ar fáil do bhreis agus 300 Iarchéimí é.

# 2. Polasaithe Caiteachais Chaipitil agus Earnála

## Caiteachas Caipitiúil

Rinne an Roinn maoirseacht ar chaiteachas iomlán reatha ag Ranna de €4.2 billiún sa bhliain 2016, agus léirigh sé seo méadú bliain ar bhliain de bhreis agus €500m nó 13.5% thar tháirgeacht 2015 de €3.7 billiún, a léiríonn tiomantas an rialtais chun caiteachas caipitiúil a mhéadú de réir an Phlean Chaipitiúil.

I Ráiteas an tSamhraidh ar an nGeilleagar i 2016, gheall an Rialtas go gcuirfeadh sé €5.14 billiún sa bhreis ar fáil in infheistíocht chaipitil ón Státchiste thar an tréimhse 2017-2021, agus go leithdháilfear sin chun tacú le réimsí infheistíochta ar tosaíochtaí iad agus sin bunaithe ar thoradh an athbhreithnithe ar an bPlean Caipitil atá le tabhairt faoi go luath sa bhliain 2017.

Ceapadh an cur chuige seo, chun tabhairt faoin athbhreithniú, le heolas a dhéanamh do chinntí Rialtais (i gcomhthéacs Bhuiséad 2018) ar an dóigh ar chóir an €5.14 billiún sa bhreis a leithdháileadh, sa bhliain 2016 agus thángthas ar chomhaontú faoi i gcomhairle leis an Aire, agus an tuairim ann go gcuirfí tús leis in Eanáir 2017.

Forbraíodh freisin moladh níos fadtréimhsí agus níos bunúsaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais phleanála in Éirinn maidir le bonneagar, i ndiaidh gur cuireadh i gcrích athbhreithniú meántréimhseach an Phlean Chaipitil sa bhliain 2017 agus d'aontaigh an tAire leis seo.

## Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha

Agus í ag obair le Ballstáit eile, d'éirigh leis an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar Lámhleabhar leasaithe ar Easnamh agus Fiachas Rialtais (MGDD) a d'eisigh Eurostat i Márta 2016 agus treoir leasaithe i Meán Fómhair 2016 - Treoir ar Léiriú Staitisticiúil PPPanna - a d'fhoilsigh Eurostat agus Ionad Saineolais PPPanna na hEorpa (EPEC). Thug an Treoir nua seo soiléireacht agus cinnteacht maidir leis an dóigh a ndéanfar conarthaí PPP a mheas ag Eurostat ar mhaithe le rangú agus tá sé seo an-chuidiúil agus PPPanna a phleanáil don todhchaí. Tugann sé freisin faoin bpríomhábhair imní atá ardaithe ag údaráis na hÉireann maidir leis an tereoir nuashonraithe a eisíodh i Márta 2016.

## Gníomhachtú, Oideachas agus Oiliúint

Lean an Roinn de bheith ag obair go dlúth leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun maoirseacht chuimsitheacht anailíse a sholáthar do sheirbhís JobPath, ar cuireadh tús léi sa bhliain 2015 agus a seoladh go hiomlán sa bhliain 2016, dóibh siúd atá fostaithe go fadtéarmach. Cuirfear i gcrích meastóireacht ar fheidhmíocht na scéime go dtí seo i lár 2017.

Ghlac an Roinn páirt i gComhairle an Mhargaidh Shaothair atá ag déanamh monatóireachta ar chur i bhfeidhm an Straitéise Pathways to Work agus chuir sé comhairle ar fáil maidir le polasaithe a théann i bhfeidhm ar an margadh saothair. Sa bhliain 2017, beidh soláthar comhairle maidir le forbairt Phlean Gníomhaíochta do Theaghlaigh gan Breis Fostaíochta ar cheann de na tosaíochtaí.

Le blianta beaga anuas, thacaigh an Roinn le hathstruchtúrú na hearnála Breisoideachais agus Oiliúna thart ar na Boird Oideachais agus Oiliúna (ETBanna) faoi threoir straitéiseach agus maoiniú SOLAS, agus an údaráis um breisoideachas agus oiliúna. Chun cur chuige meastóireachta a chur chun cinn san earnáil bhreisoideachais agus oiliúna, chuidigh an Roinn le SOLAS ina gcuid iarrachtaí bonneagar sonraí a fhorbairt chun ionchuir, aschuir agus torthaí a thaifead, rud a éascódh bogadh i dtreo samhail mhaoinithe bunaithe ar fheidhmíocht.

D'oibrigh an Roinn leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Solas agus an fócas a chur chun cinn chun daoine dífhostaithe go fadtéarmach a chur ar ais ag obair mar chuid de straitéis Breisoideachais agus Oiliúna cúig bliana SOLAS. Léiríonn na sonraí is déanaí atá ar fáil (Q3 2016) go raibh 34,378 de na tosaitheoirí as an 178,548 ar chúrsaí breisoideachais agus oiliúna ina dtosaitheoirí dífhostaithe fadtréimhseacha.

Bunaíodh Grúpa idir-ranna, ina raibh an Roinn, an Roinn Oideachais agus an Roinn Scileanna agus Airgeadais, chun togra a fhorbairt chun meicníocht infheistíochta a cheapadh agus a oibriú agus a bheadh i bhfeidhm ó 2018 ar aghaidh chun tacú le samhail mhaoinithe fhadtréimhseach a bhaint amach don earnáil

Bhreisoideachais. Tabharfaidh an Grúpa faoi, mar chuid dá chuid oibre, chomhairliúchán poiblí ar an meicníocht atá molta agus ag eascairt as seo tabharfaidh sé chun tosaigh moltaí don Rialtas chun ullmhú Bhuiséad 2018 a cheapadh.

## Cúram Leanaí Inacmhainne

I rith 2016, chuaigh an Roinn i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar scéim nua a fhorbairt i dtreo an chostais ar chúram leanaí. Beidh an Scéim Cúraim Leanaí Inacmhainne nua atá molta ann in áit na scéimeanna fóirdheonaithe dírithe ar chúram leanaí atá ann cheana féin agus is scéim aonair, cuíchóirithe agus soláimhsithe a bheidh ann.

## Earnáil na Sláinte

Le linn 2016, d'éirigh leis an Roinn Creatlach Feidhmíochta agus Cuntasachta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a mhéadú. Dréachtaíodh an chreatlach mhéadaithe i gcomhairle le hoifigigh sa Roinn Sláinte agus san FSS, agus soláthraíonn sé líne shoiléir chuntasachta ó Ard-Stiúrthóir an FFS chuig Príomhfheidhmeannaigh Oispidéal. Déantar monatóireacht ar dhul chun cinn i gcomhair na creatlaí ar bhonn míosúil agus cuirtear faoi bhráid na gCoistí Comh-Aireachta um Shláinte i rith na bliana. Ba chóir an caiteachas ar shláinte bheith níos inbhuanaithe sna blianta amach romhainn mar gheall ar na méaduithe seo.

Cuid riachtanach den chaiteachas ar shláinte atá sa Chógaisíocht agus cosnaíonn sí thart ar €2bn sa bhliain. Sa bhliain 2016, chuaigh an Stát i mbun comhaontaithe 4 bliana leis an tionscadal cógaisíochta faoi phraghsáil agus sholáthar cógas. Cumasóidh comhréiteach ar thángthas air le Cumann Cúram Sláinte na hÉireann don Chógaisíocht (IPHA) coigiltis de €560 milliún sna ceithre bliana atá amach romhainn. Tá na coigilitis seo sa bhreis ar an €200 milliún i gcoigilitis chumasaithe ón gcomhaontú a bhí ann roimhe sa bhliain 2012. Bhí an comhréiteach mar thoradh ar an gcur chuige comhoibríoch idir an Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## An tAonad Coisc agus Luath-Idirghabhála

Le linn 2016, mheas an Roinn scóip an Aonaid nua Choisc agus Luath-Idirghabhála (PEIU), a dhíreoidh ar obair mheastóireachta maidir le leanaí agus páistí sna luathbhlianta agus seandaoine a bhfuil drochshláinte orthu. Tugadh faoi obair freisin chun riachtanais maidir le foireann agus le riar scileanna a mheas le haghaidh an PEIU. Tá baint ag an Roinn freisin i gcomhairliúcháin leanúnacha le páirtithe leasmhara.

## Plean Gníomhaíochta le haghaidh Post 2016

Thacaigh an Roinn leis an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Post, tionscnamh de chuid an Rialtais iomláin ina mbíonn gach Gníomhaireacht agus Roinn Rialtais ag obair le chéile chun cur leis na gníomhaíochtaí a comhaontaíodh le haghaidh gach bliana. Foilsítear Plean Gníomhaíochta le haghaidh Post gach bliain, ina leagtar amach gníomhaíochtaí agus spriocanna chun coinníollacha dearfacha a chruthú chun poist a chur ar fáil. Déantar athbhreithniú ar thorthaí gach ráithe agus foilsítear tuarascálacha ar dhul chun cinn.

## Gníomhaíocht ar an Aeráid

Chuir an Roinn chun cinn cur chuige rialtais iomláin maidir le gníomhaíocht ar an aeráid agus bhí tionchar aige ar na príomh-Ranna maidir le peirspictíocht an Státchiste a chuimsiú le staid na hÉireann maidir le polasaí ar an aeráid - go háirithe i gcomhthéacs na hidirbheartaíochta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ar ualach a roinnt idir Bhallstáit maidir le spriocanna atá ag eascairt as beartas nua aeráide agus fuinnimh le haghaidh 2030. Bhí an Roinn gníomhach leis na Ranna agus na Gníomhaíochtaí ábhartha agus le fóraim áirithe maidir le clár a bhaineann le hathrú aeráide, agus chuir sé le grúpaí áirithe oibre ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal de chuid an Aontais Eorpaigh. Ar a bharr sin, tugadh faoi roinnt de pháipéir thráthúla - msh. *The role of biomass in Ireland's renewable energy targets*; agus *Implications of 2020 compliance for the 2021 to 2030 period*.

## Earnáil na Córa

Le linn 2016, chuir an Roinn comhairle ar an Aire faoi réimse leathan de ghnéithe suntasacha polasaí, reachtaíochta agus eagraíochtúla, lena n-áirítear acmhainní breise a chur ar fáil le haghaidh oibríochtaí éigeandála Gardaí le dul i ngleic leis an mbagairt ó choiriúlacht eagraithe. Thacaigh an Roinn leis an Aire maidir leis an bpáirt a ghlac sé i gCoiste na Comh-Aireachta ar Athchóiriú Dlí agus bhí sé mar ionadaí ag an

Roinn ar an Tascfhórsa le haghaidh an Chláir Idirnáisiúnta um Thearmann Dídeánaithe, an Grúpa Idir-Ranna ar Imeascadh, Bord Rialaithe TFC na nGardaí Síochána agus grúpa oibre Thailte Éireann, i measc grúpaí eile.

Bhí an Roinn chun tosaigh sa Comhaontú Náisiúnta Léarscáilithe chun rochtain oscailte a chur ar fáil don tseirbhís phoiblí ar tháirgí agus ar sheirbhísí náisiúnta léarscáilithe, mar a bhí curtha ar fáil ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI).

### Uimhreacha na Seirbhíse Poiblí

Tháinig deireadh leis an moratóir ar earcaíocht chuig an tSeirbhís Phoiblí (agus na Creatlaí Rialaithe Fostaíochta leis) sa bhliain 2015, agus ina áit sin ta córas dáilte ceadaithe chun líon foirne i Ranna Rialtais a bhainistiú, agus tugadh saoirse don Rialtas dul i mbun earcaíochta bunaithe ar riachtanais seirbhíe, a fhad is go bhfanann siad laistigh dá gcuid uasteorainneacha iomlán tuarastáil agus go gcloíonn siad le riachtanais phleanála an fhórsa oibre. Dáileadh ceadú ar bhunú na Ranna Rialtais, agus d'éirigh leis an bpolasaí go dtí seo, agus bunús na Ranna ag fanacht laistigh dá n-uasteorainneacha tuarastáil sa chéad bhliain dó a bheith ann, sa bhliain 2015, agus sa bhliain 2016 freisin.

# 3. Breatimeacht agus Comhoibriú Idirnáisiúnta

## Breatimeacht

Déanann Aonad an Aontais Eorpaigh / Thuaidh Theas / Breatimeachta ceisteanna a bhaineann leis an mBreatimeacht a chomhordú go lárnach. Déanann an tAonad maoirseacht ar obair Bhreatimeachta ar fud na Roinne, agus gníomhaíonn sé mar phointe teagmhála le Roinn an Taoisigh agus le Ranna eile Rialtais, agus tacaíonn sé leis an Aire mar bhall de Choiste na nAirí Rialtais ar an mBreatimeacht. Bíonn foireann sna réimsí ábhartha ar fud na Roinne ag plé le ceisteanna Breatimeachta freisin.

Sular tharla an Reifreann sa Ríocht Aontaithe ar bhallraíocht san Aontas Eorpach, ghlac an Roinn páirt in obair an Ghrúpa Idir-Ranna ghair Roinn an Taoisigh, agus chuir sé leis an measúnú riosca ar tugadh faoi.

I ndiaidh thoradh an reifrinn, chuaigh an Roinn i ngleic go gníomhach leis na ceisteanna a thagann chun cinn mar thoradh ar an mBreatimeacht. Tá sé ag cur go gníomhach le hobair Choiste na nAirí Rialtais agus leis an nGrúpa Idir-Ranna ar an mBreatimeacht i réimse de réimsí beartais, chomh maith le grúpaí eile atá ag ullmhú le haghaidh na Breatimeachta. Tháinig sé ar chomhréiteach leis an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus le hOifig Mhaoinithe na hEorpa sa Bhreatain Bheag maidir le téarmaí clásail chosanta a chumasaigh go bhféadfaí cláir tras-teoranna maoinithe ón Aontas Eorpach dul ar aghaidh.

## Comhordú idir an Aontas Eorpach agus Thuaidh Theas

Thacaigh an Roinn le forbairt pholasaí an Aontais Eorpaigh sa Rialtas, tríd obair Choiste na nAirí Rialtais ar Ghnóthaí an Aontaise Eorpaigh agus grúpaí leasmhara idir-ranna. Thacaigh sé freisin le hobair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) agus leis na forais Thuaidh Theas, agus leis na cruinnithe earnála a bhí ag an CATT a bhain le Comhlacht na gClár Speisialta AE agus le cruinnithe iomlánacha CATT.

Bunaíodh post nua mar Ataisé um Beartas Comhtháthaithe agus Seirbhísí Airgeadais in Ionadaíoch Bhuan na hÉireann san Aontas Eorpach sa Bhruiséil. Ceapadh an t-ataisé ar bhonn roinnte leis an Roinn Airgeadais chun ionadaíocht a dhéanamh thar cheann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bheartas Comhtháthaithe ar ghnóthaí eile a bhain leis an Rialtas.

## Clár na gCistí Struchtúrtha an Aontais Eorpaigh 2014-2020

D'éirigh le hÉirinn €1.2 billiún de Chistí Struchtúrtha an Aontais Eorpaigh a fháil don tréimhse 2014-2020. As an méid seo, tá €409 milliún ann le haghaidh clár atá cómhaoinithe ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) a bhfuil freagracht iomlán ag an Roinn as, agus tá €610 milliún leithdháilte do Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) agus do Thionscnamh Fostaíocht don Aos Óg (YEI), atá faoi sciath chosanta na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tá €169 milliún sa bhreis curtha i leataobh le haghaidh Chláracha Chomhar Críochach Eorpach (ETC) ina nglacann Éire páirt, go háirithe an dá chlár Thuaidh-Theas (SÍOCHÁIN agus INTERREG IVA).

Le linn 2016, d'oibrigh an Roinn go dlúth le hÚdaráis Bhainistíochta ERDF le dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm a chinntiú, lena n-áirítear na córais chuí bhainistíochta agus smachtaithe airgeadais a chur ar bun. Beidh an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus an Aontais Eorpaigh ag feidhmiú mar Chúirt Iniúchóireachta le haghaidh na gClár ERDF.

Sa bhliain 2016 cuireadh chun cinn forbairt TF eCohesion, riachtanas rialála de chuid an Aontais Eorpaigh chun breis agus €1.2 billiún de Chistí Struchtúrtha na hÉireann agus Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) sa tréimhse mhaoinithe 2014-2020. Meastar go seolfar amach é i dtrí thréimhse le linn 2017 agus dá bharr sin go mbeidh Éire in ann a cuid riachtanais rialála a chomhlíonadh agus chomh maith leis sin go simpleoidh sé na próisis riaracháin agus bhainistíochta do thairbhithe.

Rinneadh dul chun cinn freisin ar shuíomh idirlín nua náisiúnta, a d'fhorbair OGCIO, chun tionchar dearfach Cistiú Struchtúrach in Éirinn a chur chun cinn. Beidh eolas ar an suíomh idirlín, a seolfadh sa dara ráithe de 2017, ar Chistí Struchtúrtha de chuid an Aontais Eorpaigh i bhformáid shoiléir chuig tairbhithe an chláir agus chuig saoránaigh go ginearálta.

Cuireadh an próiseas chun an dá Chlár Oibriúcháin réigiúnacha de chuid an ERDF a thabhairt chun críche le haghaidh na tréimhse clárúcháín 2007-2013 a chur chun cinn le linn 2016 agus is cosúil go mbainfear an sprioc amach ina leith faoin spriocdháta rialála ar an 31 Márta, 2017.

Maidir leis na Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (ESIF) ar bhonn níos leithne, d'eagraigh an Roinn roinnt cruinnithe den dá choiste náisiúnta monatóireachta a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chláracha ESIF 2014-2020 le linn 2016. Tháinig an Coiste Náisiúnta um Chomhordú Cistí (NCCF), a dhéanann imscrúdú ar cheisteanna feidhmithe agus a chinntíonn go n-aithnítear deiseanna le haghaidh sineirge agus comhlántachta, le chéile i Meán Fómhair. Tháinig an Coiste Monatóireachta um Chomhaontú Compháirtíochta (PAMC), a dhéanann monatóireacht ar chur i bhfeidhm cuspóirí straitéiseacha sa Chomhaontú Comhpháirtíochta agus a chuireann eolas nuashonraithe ar fáil ar cheisteanna feidhmithe, le chéile i mí na Nollag.

## Cláir Thuaidh Theas

D'oibrigh an Roinn go dlúth leis an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus le Comhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB) ar mhaoirseacht a dhéanamh ar Chláir SÍOCHÁIN agus INTERREG 2014-2020. Seoladh na cláir seo, atá maoinithe suas le 85% tríd an Aontas Eorpach trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) agus a bhfuil luach iomlán de €553 milliún leo, go hoifigiúil i mBéal Feirste i mí Eanáir. Tharla iarratais ar mhaoiniú don dá chlár le linn 2016 agus cuireadh tús le fógraí maoinithe faoi dheireadh na bliana.

Bhí dul chun cinn suntasach déanta ag an Roinn agus Tréimhse Mhaoinithe na gCistí Struchtúrtha 2000-2006 ag druidim chun deiridh. Tugadh trí chlár oibriúcháin a bhí fós le réiteach a thabhairt chun críche go luath sa bhliain 2016 nuair a tarraingíodh maoiniú iomlán ERDF as.

Rinne an Roinn maoirseacht freisin ar chur i gcrích na gclár SÍOCHÁIN agus INTERREG 2007-2013, a bhfuil luach de beagnach €590 milliún leo.

## Comhar Críochach Eorpach

Chomh maith leis na Cláir Thuaidh Theas, glacann Éire páirt i gClár INTERREG na hÉireann/ na Breataine Bige, a bhfuil luach de beagnach €100 milliún aige thar an tréimhse chlárúchain 2014-2020, chomh maith le roinnt clár trasnáisiúnta, lena n-áirítear cláir Limistéar an Atlantaigh, na Eorpa Thuaidh Theas, agus an Fhorimill Thuaidh agus Artaigh.

## Údarás ERDF

Agus é mar Údarás Iniúchóireachta ainmnithe in Éirinn le haghaidh an ERDF, chuir Aonad Iniúchóireachta na Roinne agus an Aontais Eorpaigh 74 iniúchadh oibriúcháin agus 3 iniúchadh córais chun críche le linn 2016 thar thrí thréimhse oibriúcháin de chuid an ERDF. Cuirfear na Tuairiscí Deireanacha Rialaithe le haghaidh gach cláir, ina mbeidh torthaí na n-iniúchtaí seo, isteach chuig Coimisiún na hEorpa faoin 31 Márta 2017. Don tréimhse chlárúcháin 2014-2020, tá straitéis iniúchta curtha isteach ag an Údarás cheana féin le haghaidh Chláir Réigiún an Deiscirt agus Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair agus, mar Chomhlacht Iniúchóireachta Neamhspleách de chuid na gClár ERDF, tá baint aige le meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar phleanáil agus ar chomhordú na nósanna imeachta ainmnithe.

# 4. Caidreamh Tionsclaíoch, Pá sa tSeirbhís Phoiblí agus Pinsin

## Polasaí Pá sa tSeirbhís Phoiblí

Tá Na hAchtanna um Bearta Éigeandála Airgeadais chun Leas an Phobail 2009-2013 mar bhonn agus taca ag laghduithe i pá sa tseirbhís phoiblí agus pinsin ó bhí 2009 ann. Bhí páirt thábhachtach ag na coigiltis seo le chéile i gcobhsú an airgeadais phoiblí. Chuir Comhaontú Bhóthar Lansdún síneadh le Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí agus tá go fóill mar chreatlach chaidrimh thionsclaíoch don tSeirbhís Phoiblí.

San iomlán, rinneadh €267 milliún a leithdháileadh i mBuiseád 2016 chun téarmaí an Chomhaontaithe a chur i bhfeidhm. Rinneadh méaduithe pá a ualú de réir a chéile i bhfabhar fostaithe sa tseirbhís phoiblí ar leibhéil níos ísle pá. Bhí na hacmhainní a rinneadh a leithdháileadh inmharthana go fioscach, agus chothromaigh siad cuspóiri Rialtais a bhí san iomaíocht le chéile - lena n-áirítear earcaíocht foireann bhreise líne thosaigh agus infheistíocht i dtosaíochtaí eile.

Rinne an Roinn iniúchadh cuimsitheach in éifeachtúlacht agus i riachtanas leanúnach na mBearta Éigeandála Airgeadais, agus cuireadh an tAthbhreithniú Bliantúil faoi bhráid an Oireachtais i Meitheamh 2016.

Príomhthosaíocht ba ea sa bhliain 2016 caighdeán Chomhaontú Bhóthar Lansdún agus na coigilitis ar thacaigh reachtaíocht Éigeandála Airgeadais leo a choinneáil. Le linn 2016, baineadh úsáid as solúbthacht i gComhaontú Bhóthar Lansdún chun ábhair faoi leith imní a bhain le hearnálacha agus leagáid a láimhseáil. Agus í ag iarraidh na cuspóirí seo a bhaint amach, chuaigh an Roinn i ngleic ar bhonn dearfach agus gníomhach le gach páirtí leasmhar lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do Chomhdháil na gCeardchumann. Le chéile, sholáthraigh gníomhaireachtaí a rinne an Roinn le cobhsaíocht leathan i gcaidrimh thionsclaíocha sa tseirbhís phoiblí sa bhliain 2016.

### *Coimisiún Polasaí Pá sa tSeirbhís Phoiblí a bhunú*

Bunaíodh an Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí (PSPC) go foirmeálta i nDeireadh Fómhair 2016 chun comhairle a chur ar an Rialtas maidir le polasaí íocaíochta na Seirbhíse Poiblí.

Le linn 2016, lorgaíodh príomhaighneachtaí maidir le ról agus le modheolaíocht an fhorais nua um dheimhniú pá. Tá na haighneachtaí seo le feiceáil ar Shuíomh Idirlín an Choimisiúin um Pá. Nuair a bunaíodh i nDeireadh Fómhair é, chuaigh an Coimisiún um Pá ar lorg aighneachtaí níos mionsonraithe ó réimse de pháirtithe leasmhara.

Ó shin bhuail an Coimisiún um Pá le ceardchumainn, le grúpaí ionadaíocha agus le páirithe leasmhara eile. Foilseofar gach aighneacht a fuarthas ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Pá i ndiaidh don chéad tuarascáil bheith foilsithe sa dara Ráithe de 2017.

Dá chéad tuarastal, iarrfar ar an gCoimisiún ionchuir a chur ar fáil ar an dóigh ar chóir leachtú Bearta Éigeandála Airgeadais i reachtaíocht Leas an Phobail a chur ar aghaidh maidir le:

- éabhlóid thréithe tuarastail sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha bunaithe ar shonraí a fhoilsítear;
- comparáid idir rátaí pá le haghaidh grúpaí inaitheanta laistigh den tseirbhís phoiblí a bhfuil rátaí margaidh san earnáil neamhphoiblí acu;
- rátaí idirnáisiúnta agus comparáidí nuair is féidir; agus
- staid airgeadas an náisiúin.

Ceapfar ceisteanna an Rialtais maidir le híocaíocht sa tSeirbhís Phoiblí mar thoradh ar chinntí an Choimisiúin agus cuirfidh sé go mór leis an idirbheartaíocht a mheastar a bheidh ann idir ceardchumainn agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí faoi chomharba ar Chomhaontú Bhóthar Lansdún. Beidh an Coimisiún um Pá comhairleach ina nádúr féin agus coinneoidh an Rialtas an cumas idirbheartaíocht a dhéanamh go díreach leis na fostaithe maidir le pá.

## Pinsin a riar

### *Scéim Pinsin Aonair sa tSeirbhís Phoiblí a riar*

Bunaíodh an tAonad um Thogra na Scéim Pinsin Aonair sa tSeirbhís Phoiblí a riar (SSAP) sa bhliain 2016 chun Staidéar Féidearthachta a dhéanamh ar roghanna le haghaidh Scéim Pinsin Aonair sa tSeirbhís Phoiblí a riar go fadtéarmach, atá á riar ag beagnach 350 fostaí faoi láthair. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2016 maidir le meastóireacht a dhéanamh ar an Scéim agus ar iniúchadh a dhéanamh ar scéimeanna bunaithe ar mheántuilleadh gairmréime go hidirnáisiúnta. Baineadh úsáid as na torthaí chun meastóireacht a dhéanamh ar roghanna oibriúcháin samplacha agus chun roghnú an chur chuige optamaigh fhadtéarmaigh a cheapadh.

Cuirfear an staidéar féidearthachta, lena n-áirítear moltaí, chun críche sa chéad leath de 2017 agus cuirfear faoi bhráid an Rialtais é. De réir chinneadh an Rialtais, díreofar obair ina dhiaidh sin ar cheapadh agus ar chur i bhfeidhm na rogha, i gcomhar le gach fostaí sa tseirbhís phoiblí.

### *Tionscnaimh eile a bhaineann le Pinsin*

Áirítear le tionscnaimh eile a bhaineann le pinsin ar tugadh fúthu sa bhliain 2016:

- athbhreithniú reachtúil ar reachtaíocht pinsin sa státseirbhís chun na rioscaí dlíthiúla agus na bearnaí a aithint agus chun an dóigh is fearr chun socruithe reatha reachtúla pinsin a dhéanamh nua-aimseartha;
- tús le hathbhreithniú achtúireach thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) chun gur féidir le hÉirinn tuairisciú a dhéanamh ar dhliteanas comhlán scéimeanna pinsin in Éirinn mar chuid de Chuntais Náisiúnta de réir mar atá ag teastáil ag Rialachán an Aontais Eorpaigh (AE) 549/2013. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais maidir leis an gceacht ar dhliteanas fabhraithe pinsin anseo;
- Tá sé mar aidhm ag an Scéim Dócmhainneachta um Íocaíochtaí Pinsin (PIPS) dliteanais pinsinéirí i dtaca le scéimeanna leasa ainmnithe a bhíonn in easnamh le fostaí dócmhainneach a laghdú. Go dtí 2016, is tríú páirtí a rinneadh thart ar 560 de na 700 pinsean seo a riar. Nuair a aistríodh Párolla PIPS Waterford Crystal i Meán Fómhair, riarann Aonad na Seirbhisí Roinnte Párolla na pinsin PIPS seo uile anois; agus
- Rinne an tAire dhá thacar de Rialacháin de réir Acht na bPinsean sa tSeirbhís Phoiblí (Scéim Shingil agus Forálacha Eile) 2012: tá foráil sna rialacháin maidir le Scor ar Bhonn Míochaine le go n-íocfar feabhsú ar phinsean agus cnapshuim atá le híoc má tharlaíonn scor ar bhonn míochaine; agus tá foráil i bhFabhrú Suimeanna Intagartha le linn tréimhsi tinnis bhreoiteachta ar rialacháin leath-phá go gcaithfear ar mhaithe le pinsin le ball den Scéim Pinsin Singil atá ag baint leasa as tinneas breoiteochta ar leath-phá amhail is go raibh siad ag baint leasa as tinneas breoiteochta ar phá iomlán.

# 5. Athnuachan na Státseirbhíse

## Plean Athnuachana na Státseirbhíse

Tá Plean Athnuachana na Státseirbhíse frámaithe thart ar fhís chun seirbhís den scoth a sholáthar don Stát agus do mhuintir na hÉireann agus plean chun Státseirbhí atá níos aontaithe, níos gairmiúla, níos freagartha, níos oscailte agus níos cuntasaí a chruthú. Le linn 2016, lean an Oifig um Bainistíocht Tionscadail ar aghaidh ag iarraidh an Plean a chomhordú agus a chur i bhfeidhm trí thacaíocht a thabhairt do Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse; trí thuairisciú rialta agus feidhmiúil a dhéanamh i dtaca le gach togra de, lena n-áirítear an dara tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a fhoilsiú; cumarsáid shuntasach inmheánach agus rannpháirtíocht le foireann; agus trína bheith ag obair le Bainisteoirí Tionscnamh agus Ard-Rúnaithe chun cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí sa Phlean a bhainistiú.

Cuireann an Oifig um Bainistíocht Tionscadail tacaíocht ar fáil freisin d'obair Bhord Cuntasachta na Státseirbhíse, a bhfuil an Taoiseach mar chathaoirleach air. Tá an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina bhall den Bhord a bhfuil ionadaíocht chothrom d'airí, de Státseirbhísígh agus de bhaill sheachtracha. Tháinig an Bord Cuntasachta le chéile dhá uair in 2016.

### *Dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn*

I Mí Iúil 2016 foilsíodh an Dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ar Phlean Athnuachana na Státseirbhíse inar léiríodh dul chun cinn suntasach atá déanta maidir le cur i bhfeidhm an chláir athraithe. Tá an Roinn ag cur cuid de na gnímh atá sa Phlean i bhfeidhm go díreach agus tá sonraí maidir leis an dul chun cinn atá déanta maidir leo siúd leagtha amach níos moille sa cháipéis seo.

Sa dara leath den bhliain 2016, áiríodh le cuid de na príomhthionscnaimh ar tugadh fúthu agus ar thacaigh an Oifig Bainistíochta Cláir leo chun cur i bhfeidhm an chláir uaillmhianaigh athraithe a thiomáint i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse. Tá achoimre orthu seo thíos:

### *Rannpháirtíocht na Státseirbhíse*

Tugadh faoi roinnt tionscadal chun rannpháirtíocht na Státseirbhíse a mhéadú maidir le cur i bhfeidhm an phlean. Áirítear leo siúd:

- foilsíodh tuairisc ar an gcéad suirbhé rannpháirtíochta le fostaithe fud fad na Státseirbhíse, ina raibh breis agus 38,000 fostaí páirteach ann, in Eanáir 2016, agus bhí na torthaí dearfach ar an iomlán agus téann siad i gcomparáid go maith le torthaí go hidirnáisiúnta.
- eagraíodh 16 ócáid Plé Oscailte in 2016, ina raibh líonra polasaí de chleachtóirí, den lucht acadúil agus de shaineolaithe i réimse de cheisteanna polasaí, agus mar sin bhí 38 ócáid ann ó thosaigh an clár; agus
- tugadh faoi chlár de ghníomhaíochtaí maidir le cumarsáid foirne agus rannpháirtíochta ar fud na bliana, agus ina measc bhí 7 n-imeachtaí i Hallaí Baile ar fud na tíre.

### *Barr Feabhais na Foirne a aithint*

Eagraíodh an dara searmannas de Dhuaiseanna Bliantúla um Barr Feabhais agus Nuálaíochta sa Státseirbhís ar an 6 Nollaig agus bhí 10 dtionscadal a bhain duaiseanna as 74 ainmniúchán sa Státseirbhís.

### *Bainistíocht Tionscadal*

Eagraíodh comhdháil mhór ar Bhainistíocht Tionscadal i Nollaig, agus bunaíodh Líonra Bainisteoirí Tionscadal na Státseirbhíse agus foilsíodh Leabhrán ar Bhainistíocht Tionscadal.

### *Tionscadail Uile-Rialtas Pathfinder*

Cuireadh i gcrích téarmaí tagartha le haghaidh trí thionscadal Pathfinder uile-Rialtais le haghaidh an Chárta um Sheirbhísí Poibli, na Staitéise Náisiúnta Cibearshlándála agus Meabhairshláinte na hÓige agus cuireadh an chéad phointe athbhreithnithe le haghaidh na dtrí thionscadal Pathfinder i gcrích i nDeireadh Fómhair 2016;

Thacaigh an PMO le hobair Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse a tháinig le chéile ar bhonn rialta chun maoirseacht a dhéanamh ar an bPlean Athnuachana. Tháinig an Bord Cuntasachta, a bhfuil an Taoiseach

mar chathaoirleach air agus a bhfuil cothromaíocht de bhaill seachtracha d'airí agus de státseirbhísí mar bhaill de, le chéile dhá uair sa bhliain 2016.

### *Athbhreithniú ar Chumas Eagrúcháin*

Cuireadh tús le hAthbhreithniú Píolótach Eagrúcháin ar an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2016. Is éard a bhí i gceist leis seo ná agallaimh duine le duine le bainistíocht shinsearach chomh maith le rannpháiríocht le foireann ar gach leibhéal den eagraíocht trí shraith de cheardlanna. Bhain sé le rannpháirtíocht shuntasach le réimse leathan de ghníomhaireachtaí agus de pháirtithe leasmhara na Roinne.

## Straitéis Acmhainní Daonna

Tá an Príomhoifigeach Acmhainní Daonna chun tosaigh san fheidhm Acmhainní Daonna le haghaidh na Státseirbhíse agus tá sé freagrach as cumas Acmhainní Daonna a fhorbairt sa Státseirbhís. In 2016, thionól an Príomhoifigeach Acmhainní Daonna forbairt iomlán Straitéis Acmhainní Daonna le haghaidh an Státseirbhíe. Tá sé mar aidhm aige seo cumas straitéiseach a mhéadú sa Státseirbhís agus táthar á forbairt i gcomhar le Grúpa Stiúrtha Straitéiseach Acmhainní Daonna agus le Fóram na mBainisteoirí Acmhainní Daonna, beirt a bunaíodh in 2016.

### *Seirbhís Phoiblí Shinsearach (SPS)*

Tá sé mar aidhm ag an tSeirbhís Phoiblí Shinsearach seirbhís phoiblí chomhtháite a chur chun cinn ar leibhéil shinsearacha agus chun bainistíocht shinsearach agus ceannaireacht a láidriú sa tseirbhís phoiblí. In 2016, lean an SPS ag tacú le forbairt chohórt na bainistíochta sinsearaí trí Oiliúint Fheidhmeach, gluaiseacht Rúnaí Cúnta, ócáidí líonraithe agus oiliúint agus forbairt shaincheaptha. Cuireadh tús le Cuid 4 de Chlár Oiliúna Feidhmeach na SPS i Lúnasa 2016, agus bhí 49 rannpháirtí ó Ghníomhaireachtaí Stáit Neamhthráchtála agus ó Ghníomhaireachtaí na Státseirbhíse (NCSAanna). Chríochnaigh 30 rannpháirtí ón Státseirbhís agus NSCAanna Cuid 3 den chlár anuraidh.

Lean Rúnaíocht na SPS ag bainistiú an phróisis ghluaiseachta le haghaidh bhaill na SPS agus d'aistrigh ceathrar Rúnaí Cúnta ó Rannóga Rialtais in 2016. Leathnaíonn gluaiseacht Thras-Roinne scileanna agus taithí ceannairí sa státseirbhí agus boird bhainistíochta. D'eagraigh an SPS seacht n-ócáid líonraithe in 2016, i dteannta le Comhdháil Bhliantúil Líonra na Rúnaithe Cúnta. Spreagann ócáidí líonraithe coláisteánachas, luachanna roinnte, agus roinnt neamhfhoirmiúil eolais agus taithí idir ball na SPS.

### *Bainistíocht Feidhmíochta ar Leibhéil Shinsearacha*

Tharla obair ullmhúcháin le haghaidh próiseas athbhreithnithe ar Bhainistíocht na hArd-Rúnaíochta in 2016, agus rún ann é a sheoladh ina iomláine in 2017. Déanann an Grúpa Athbhreithnithe ar Fheidhmíocht, ina bhfuil ball seachtrach den Bhord Cuntasachta, Ard-Rúnaí don Rialtas agus Ard-Rúnaí don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tuairisceoidh an Grúpa Athbhreithnithe ar Fheidhmíocht don Bhord Cuntasachta ar fheidhmiú an phróisis iomláin.

Seoladh an próiseas nua feidhmíochta le haghaidh leibhéil Ard-Rúnaí, Rúnaí Cúnta agus Rúnaí Tánaistigh in Eanáir 2016. Déanann Coiste Bainistíochta SPS maoirseacht ar an bpróiseas. Seoladh Córas Meastóireachta ar Cheannaireacht agus Forbartha bunaithe ar TFC (LEADS) i gcomhar leis an OGCIO chun an próiseas athbhreithnithe ar fheidhmíochta a éascú. Chun tacú leis an bpróiseas nua feidhmíochta agus chun cuidiú le forbairt ceannairí sinsearacha mar bhainisteoirí daoine, cuireadh seisiúin faoi leith traenála ar fáil do bhaill na SPS faoin dóigh le haischothú a thabhairt agus a fháil le linn R3 agus R4 de 2016.

### *Bainistíocht Tallaine*

Le linn 2016, cuireadh obair chun cinn ar cheapadh agus ar fhorbairt dhá chlár forbartha struchtúrtha le haghaidh leibhéil SPS agus Phríomhoifigigh bunaithe ar phrionsabail bainistíochta talainne. Seolfar Clár Ceannaireachta Feidhmiúcháin na SPS a seoladh i Nollaig 2016, ina raibh 20 rannpháirtí ó roinnt Ranna/ Oifigí a roghnaíodh le tabhairt faoi chlár bliana agus an Clár Ceannaireachta Feidhmiúcháin an PO go luath in 2017. Bunaíodh Grúpa Oibre freisin chun obair a chur chun tosaigh ar chreatlach Bainistíocht Tallaine atá dírithe ar gach grád a fhad le leibhéal AP agus AP san áireamh.

### *Clár um Fhorbairt Céimithe*

Ghlac earcaigh le gairid ó na painéil ghinearálta na nOifigeach Riaracháin agus Tríú Rúnaithe páirt sa chlár a cuireadh ar fáil i gcomhar le Foras Bainistíochta na hÉireann. Fuair rannpháirtithe oiliúint ó chleachtóirí

seachtracha agus ó státseirbhísigh a raibh taithí acu. Thosaigh cohórt nua d'Oifigh Feidhmiúcháin ó réimse leathan d'eagraíochtaí páirt sa Chlár um Fhorbairt Céimithe in 2016. Méadaíodh leibhéil na rannpháirtíochta ó uimhir thosaigh de 85 in 2015 go 221 rannpháirtí in 2016. Tugadh meantóir do rannpháirtithe ó laistigh dá Roinn féin.

### *Foghlaim agus Forbairt*

Leagtar amach i nGníomh 9 den Phlean Athnuachana an fhís le haghaidh samhail nua chun foghlaim agus forbairt a sholáthar agus tá sé mar aidhm aige an Státseirbhís a shuíomh mar cheannaire margaidh maidir le foghlaim éifeachtach agus tacaíocht foghlama a sholáthar le haghaidh fostaithe. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le saineolas agus taithí daoine aonair sa tSeirbhís a chur chun tairbhe i dtaca le príomhghnéithe na samhla nua de in 2016, lena n-áirítear ceapadh Ceannaire Nua um Fhoghlaim agus Forbairt agus cuireadh i gcrích dearadh cláir nua dírithe agus freagracha de chuid na Státseirbhíse. Bhí comhaontú ann ar chlár nua scileanna agus cáilíochtaí don Státseirbhí agus rinneadh meastóireacht ar réitigh teicneolaíochta lena n-áirithiú go mbeadh olltairiscinít ar fáil chun an fheidhmiúlacht ab fhearr a sholáthar roimh an bpróiseas um sholáthar.

### *Pleanáil san Fhórsa Oibre*

Tá géarghá le pleanáil straitéiseach san fhórsa oibre, ina mbíonn bainistíocht acmhainní daonna, lena n-áirithiú go gcoinníonn Ranna agus Oifigí a gcumas maidir le seirbhísí a sholáthar. Tá dúshláin mhóra roimh Ranna agus Oifigí, chomh maith leis an Státseirbhís ina hiomláine, sa mheántéarma, lena n-áirítear fórsa oibre atá ag dul in aois, daonra náisiúnta dúshlánacha, modhanna nua chun seirbhísí a sholáthar agus na torthaí a mbítear ag dúil leo dá bharr. Nuair a dhéantar pleanáil éifeachtach san áit oibre is amhlaidh go n-amharctar ar na ceisteanna seo i gcomhthéacs na gcuspóirí atá leagtha amach i Ráitis Straitéise na Ranna.

In 2016, lean an Roinn de choincheap na Pleanála Straitéisí san Fhórsa Oibre a fhorbairt agus a leabú ar fud na Státseirbhíse agus chun na scileanna a fhorbairt chun cumas pleanála a fheabhsú i ngach Roinn / Oifig trí cheardlanna straitéiseacha faoin bhfórsa oibre a chur ar fáil do phríomhbhainisteoirí Acmhainní Daonna. D'oibrigh an Roinn le Ranna / Oifigí chun ullmhúchán a dhéanamh ar phleananna nua a fhorbairt don fhórsa oibre ag eascairt as na hAirí nua a ceapadh agus an riachtanas chun ráitis nua straitéise a fhorbairt.

### *Bainistíocht Feidhmíochta*

De réir Ghníomh 11 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse - an próiseas um bainistíocht feidhmíochta a neartú - athraíodh córas gráduithe an Chórais um Bainistíocht agus Fhorbairt Feidhmíochta (PMDS) chuig córas dhá phointe. De réir an chórais athbhreithnithe seo, a tugadh isteach le haghaidh shraith 2016 den PMDS, déantar feidhmíocht a mheas ar cé acu atá státseirbhíseach ag feidhmiú ar leibhéal sásúil nó nach bhfuil. Tá sé mar aidhm ag an gcóras gráduithe béim a spreagadh ar bhainistíocht feidhmíochta in áit ar ghrádú a bhronnadh agus baineann sé fócas an PMDS ar shiúl ó bheith ag amharc siar ar fheidhmíocht a bhíodh ann agus amharcann sé chun tosaigh ar fhorbairt na feidhmíochta sa todhchaí, agus tógann sé ar ardfheidhmíocht nuair a tharlaíonn sé.

### *Cód Nua Smachtaithe*

Tugadh isteach Polasaí um Tearcfheidmhíocht a Bhainistiú agus Cód Nua Smachtaithe le haghaidh an Státseirbhíse in 2016. Tacóidh an chreat nua le bainisteoirí tabhairt faoi ghníomh níos éifeachtaí agus níos cinnte de réir mar a bhíonn gá leis. Tá infheistíocht shuntasach déanta ar aonaid Acmhainní Daonna a oiliúint sa dá pholasaí agus cuireadh oilúint ar fáil le haghaidh 150 duine. Seoladh oiliúint i mbainistíocht aighneachtaí chuig bainisteoirí a thabharfaidh faoi ról an Oifigigh Inmheánaigh Aighneachtaí (tugadh oiliúint do 200 Oifigí sa ról seo). I gcomhthéacs polasaithe nua a thabhairt isteach, tá conradh oiliúna i bhfeidhm chun bainisteoirí líne a oiliúint sa Státseirbhís agus táthar ag dúil leis go mbainfidh Ranna agus Oifigigh úsáid as chun cumas bainisteoirí líne a neartú le linn 2017.

### *Scéim Soghluaisteachta na Státseirbhíse*

Spreagfaidh Scéim Soghluaisteachta na Státseirbhíse cóas oscailte, cothrom agus praiticiúil a éascóidh soghluaiseacht éifeachtach foirne sa Státseirbhís agus iad sa tóir ar dheiseanna forbartha agus athlonnaithe ach tacóidh sé le riachtanais ghnó freisin. Tá an Scéim á tabhairt isteach ar bhonn céimneach agus Céim 1 ag díriú ar ghráid ghinearálta sa Státseirbhís suas le leibhéal EO agus leibhéal EO san áireamh le haghaidh (a) soghluaiseacht i suíomh amháin, agus (b) soghluaiseacht idir suíomhanna. Táthar ag dúil leis go seolfar Céim

1 den Scéim roimh dheireadh 2017. Áireofar le Céim 2 gráid ghinearálta sa Státseirbhís suas go leibhéal Príomhoifigh Chúnta agus an leibhéal sin san áireamh agus cuirfear i bhfeidhm é níos moille.

***Earcaíocht Oscailte***

Forbraíodh réimse de thionscadail lena chinntiú go mbíonn cothromaíocht níos fearr insce sa Státseirbhís sa todhchaí, go háirithe ar leibhéil shinsearacha ina mbíonn mná faoi thearcionadaíocht. Áirítear leis na bearta a fógraíodh ná sprioc nua de 50/50 le haghaidh ceapacháin ar leibhéil shinsearacha agus ainmniúcháin ar thionscadail bainistíochta tallainne; ag spreagadh níos mó ban chun iad féin a chur ar aghaidh le haghaidh ceapachán ar leibhéal sinsearach; agus ag tabhairt faoi thaighde cáilíochtúil agus cáinníochtúil chun pictiúr níos iomláine de na fachtóirí a théann i bhfeidhm ar thearcionadaíocht ban ar leibhéil shinsearacha sa Státseirbhís.

***Scéim Saoire Bhreoiteachta sa tSeirbhís Phoiblí - Neamhláithreacht a laghdú***

In 2015 d'fhoilsigh an Roinn na staitisticí le haghaidh Scéim Saoire Bhreoiteachta sa Státseirbhís agus déantar taifead iontu ar thionchar an leasuithe tras-earnála ar shaoire bhreoiteachta sa tSeirbhís Phoiblí agus léiríonn sé go bhfuil an ráta saoire breoiteachta sa tSeirbhís Phoiblí tite faoi 4% den chéad uair. Léiríonn sé seo an tionchar dearfach leanúnach atá ag an scéim nuair ar tháirgiúlacht sa tseirbhís phoiblí. Mar thoradh ar an scéim is amhlaidh go bhfuil coigilitis shuntasacha ann don státchiste, agus ó tugadh isteach é sábháladh breis agus €100 milliún. Cuireadh athbhreithniú ar Scéim Saoire Breoiteachta sa tSeirbhís Poiblí agus tá comhairliúcháin le hionadaithe foirne ag tarlú ar fud na Státseirbhíse faoi na hathruithe sa Scéim a thabhairt isteach bunaithe ar a oibriú agus a chothromas a fheabhsú. Tá an Roinn ag obair go díreach le fostaithe sa státseirbhís chun neamhláithreacht a laghdú agus thug sé 3 lá oiliúna do 150 den fhoireann Acmhainní Daonna i Ranna agus in Oifigi bunaithe ar neamhláithreacht a fheabhsú.

# 6. Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

## Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

### *Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí*

Bhí sé mar aidhm ag an dara Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí (2014-2016) seirbhísí poiblí a fheabhsú agus éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach faoin dóigh a ndéantar na seirbhísí seo a sholáthar. Rinne an Oifig um Sholáthar Áthchóirithe (RDO) maoirseacht ar chur i bhfeidhm na 227 gníomh faoi leith sa Phlean, agus d'fhoilsigh an Dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ar Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí in 2014-2016 in Aibreán. Léirítear sa Tuarascáil dul chun cinn láidir atá déanta ar athchóiriú leathan i réimsí tosaíochtaí cosúil le bealaí eile chun seirbhís a sholáthar, rannpháirtíocht fheabhsaithe le custaiméirí; digitiú sa bhreis ar sheirbhísí; agus oscailteacht, trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr. Áiríodh leis réimse leathan de shamplaí de thionscadail athchóirithe ar fud na Státseirbhíse. Faoi dheireadh 2016, baineadh beagnach 90% de ghnímh an Phlean amach nó bhí siad ar tí baint amach.

Thacaigh an RDO le 20 Plean Comhtháite chun Athchóiriú a Sholáthar (IRPDanna) le haghaidh 2016 tríd na mór-Earnálacha, Ranna agus Oifigigh. Leagtar amach sna IRDPanna seo an dóigh ar chóir athchóirithe leathana sa Phlean a chur i bhfeidhm, chomh maith le leasuithe eagraíochtúla agus leasuithe a bhaineann le hearnálacha faoi leith agus gnímh ábhartha ó Phlean Athnuachana na Státseirbhíse.

Cuireadh tús le hobair ar chomharba Phlean Athchóirithe 2014-2016 a fhorbairt, agus tá sé le foilsiú faoi lár-2017. Bhain sé seo le treochtaí idirnáisiúnta in Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a athbhreithniú agus dul i ngleic le próiseas leathan rannpháirtíochta, lena n-áirítear sraith de cheardlanna le haghaidh státseirbhísigh agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí chomh maith le roinnt cruinnithe déthaobhacha agus líonraithe.

Eagraíodh Comhdháil Mhór ar Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, ina raibh thart ar 22 cainteoirí agus seisiún, i mí Iúil agus d'fhreastail 350 toscairí air, a bhí ionadaíoch ar 80 comhlacht ó gach earnáil den tSeirbhís Phoiblí.

### *Cumarsáid*

Rinneadh tuilleadh forbartha in 2016 ar Thairseach na hOifige Athchóirithe. Uirlis thábhachtach chumarsáide atá ann, í ceaptha le tacaíocht a thabhairt do sheirbhísigh phoiblí i ngach earnáil, go háirithe iad siúd atá ag cur athruithe i bhfeidhm. I measc an ábhair a cuireadh leis an Tairseach in 2016 bhí *Plain English Style Guide for the Public Service* agus treoir faoi thionscadail a bhainistiú. Chomh maith leis sin, rinne baill foirne RDO cuir i láthair do ghrúpaí éagsúla de sheirbhísigh phoiblí agus do thoscaireachtaí a bhí ar cuairt le linn na bliana. Eisíodh 6 eagrán den nuachtlitir faoi athchóiriú do shíntiúsóirí na Tairsí.

### *Cumas a Fheabhsú*

Ó bhí 2015 ann, tá sraith de chúrsaí dhá lá i mbainistiú an athraithe á heagrú ag RDO do bhaill foirne ar fud na seirbhíse poiblí. In 2016, dhírigh an oiliúint ar leibhéal an Phríomhoifigigh / an Phríomhoifigigh Chúnta, nó a chomhionann. D'fhreastail 126 duine ar na cúrsaí; tá 260 i ndiaidh dul faoi oiliúint go dtí seo. Bhí RDO mar urraí don oiliúint agus bhí ról gníomhach aige ina dearadh agus ina héascú, i gcomhar le soláthróir na hoiliúna. Fuarthas aiseolas thar a bheith dearfach faoin tionscnamh agus tá léargas luachmhar faighte ar an dóigh ar féidir ábhar an chúrsa a choigeartú agus tuilleadh forbartha a éascú.

### *An Dea-Chleachtas a Chomhroinnt*

Cuireadh tús le tionscnamh píolótach in 2016 le cás-staidéir a fhorbairt faoi Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí. Tá sé á dhéanamh i gcomhpháirtíocht le líon beag Ranna Rialtais agus institiúidí acadúla. Cruthóidh sé áiseanna luachmhara foghlama faoin athchóiriú, agus san am céanna ardófar feasacht ar an dul chun cinn atá á dhéanamh chun an tseirbhís phoiblí a athchóiriú. Tá na cás-staidéir beagnach réidh agus foilseofar in 2017 iad.

D'fhorbair an RDO a ról in 2016 maidir leis an dea-chleachtas a chomhroinnt le dlínsí eile agus le comhlachtaí idirnáisiúnta. Bhí teagmháil agus comhcheangal rialta ann le státseirbhís Thuaisceart Éireann agus bhí teagmháil ann freisin le toscaireachtaí eile a bhí ar cuairt agus leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, an Fhaireachlann um Nuálaíocht san Earnáil Phoiblí atá mar chuid den Eagraíocht san áireamh. Is ardán nua tacaíochta í an Fhaireachlann a ligeann do nuálaithe san earnáil phoiblí béim a chur ar an dea-chleachtas, a bheith páirteach i bplé, comhairle a chomhroinnt agus cuir chuige i leith fuascailt

fadhbanna a mholadh. In 2016, foilsíodh 4 shampla de thionscnaimh athchóirithe Éireannacha ar an ardán seo, agus tá tuilleadh le foilsiú.

### *Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí*

D'fhonn seirbhísí ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur chun cinn ar fud na státseirbhíse, bhí trí chruinniú ag RDO de Líonra na nOifigeach Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí in 2016 agus d'eagraigh sé an chomhdháil bhliantúil ar sheirbhís do chustaiméirí i mí na Nollag 2016. D'eagraigh sé freisin oiliúint *Plain Language* agus d'obair sé leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh chun *Plain English Style Guide for the Public Service* a dhéanamh.

Chuir an Líonra, i gcomhar leis an Lárionad Feabhais agus Dearaidh Uilíoch, tús le foireann uirlisí a fhorbairt ina leagtar amach na príomhghnéithe agus na príomhchuir chuige i dtaca le dearadh uilíoch le haghaidh cumarsáide le custaiméirí i seirbhís phoiblí na hÉireann. Clúdaítear cumarsáid le custaiméirí duine le duine, ar an nguthán, i scríbhinn agus ar an ngréasán. Tá an fhoireann uirlisí le foilsiú sa dara ráithe in 2017.

Cuireadh i gcrích suirbhé ar chustaiméirí gnó na státseirbhíse i mí na Nollag 2016. Rinneadh obair allamuigh i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2016 trí agallaimh ghutháin le breis agus 500 gnó ar fud na tíre. Léirigh an suirbhé go raibh 82% de na custaiméirí gnó sásta leis an tseirbhís a bhí faighte acu (méadú breis agus 15% ó bhí 2009 ann). Cuireadh tús freisin le suirbhé ar chustaiméirí ginearálta den phobal atá ag an státseirbhís agus foilseofar é sin sa dara ráithe in 2017.

### *Tuarascáil an Fhoras Riaracháin ar Threochtaí san Earnáil Phoiblí, 2016*

Bhí dea-scéala i dTuarascáil an Fhoras Riaracháin ar Threochtaí san Earnáil Phoiblí 2016 a foilsíodh i mí na Nollag maidir le feidhmíocht sheirbhís phoiblí na hÉireann i leith táscairí éagsúla. Léiríodh go raibh Éire sa chéad áit ó thaobh riaracháin phoiblí de as na 28 ballstát san AE: is é riarachán poiblí na hÉireann is gairmiúla agus is lú polaitithe agus glactar leis go fóill go bhfuil seirbhísí poiblí na hÉireann ar na cinn is lú maorlathas san Eoraip.

## Samhlacha Malartacha de Sheachadadh Seirbhísí

In 2016, chuidigh an Roinn le státseirbhísigh agus le seirbhísigh phoiblí úsáid cheart a bhaint as samhalacha malartacha de sheachadadh seirbhísí, seachadadh seirbhísí seachtracha agus uathoibriú próiseas gnó san áireamh.

In 2016, rinne an Roinn maoirsiú ar an dul chun cinn ar phleananna seachadta seirbhísí seachtracha don státseirbhís. Thug sí tacaíocht do bhainisteoirí seirbhíse poiblí agus measúnú agus tomhas á dhéanamh ar inmharthanacht agus ar inbhuanaitheacht tionscnamh féideartha a ndéanfaí iad a sheachadadh go seachtrach. San áireamh, soláthraíodh cláir foghlama agus forbartha do thart ar 100 bainisteoir san earnáil phoiblí agus oiliúint taithíochta in uathoibriú próiseas gnó do thart ar 100 bainisteoir sa tseirbhís phoiblí, agus oiliúint eolais in Uathoibriú Próisis Ghnó.

Agus í ag obair leis an Roinn Sláinte, Leanaí agus Gnóthaí Óige agus leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, chuir an Roinn clár ar aghaidh chun bunathrú a dhéanamh ar an dóigh a gcuireann an Stát acmhainní ar fáil le seirbhísí daonna, sóisialta agus pobail a sheachadadh trí sholáthar indíreach. Ag deireadh na bliana, bhí na ceithre cheann-Roinn ag cur bailchríche ar a seasamh féin chun comhaontú a éascú maidir le cur chuige i gcoitinne i leith seirbhísí den chineál thuasluaite a choimisiúnú.

### *Benefacts*

Tugann an Roinn comhairle do Benefacts.ie agus cómhaoiníonn sí é i gcomhar le Atlantic Philanthropies agus na Cistí d'Éirinn. Leanann Benefacts air ag cur seirbhís ardchaighdeáin ar fáil i dtaca le bailiú, rangú, glanadh agus tuairisciú sonraí rialála faoin earnáil neamhbhrabúis ina hiomláine. Cuireadh an t-eolas ar fáil don phobal ar ardán ar líne in 2016.

### *Bainistiú Fiachais*

Comhordnaigh an Roinn obair an Bhord Tionscadail um Fheidhmiú Bainistiú Fiachais; tháinig na comhaltaí le chéile trí huaire in 2016. Thacaigh an Bord go rathúil le roinnt tionscadal píolótach i gcomhar le FSS, le rialtas áitiúil, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Cúrsaí Mara agus leis an tSeirbhís Chúirteanna. Cuideoidh na tionscadail sin le bainistiú agus bailiú fiachais a fheabhsú. Thug an Bord

a chuid oibre chun críche in 2016 agus d'fhoilsigh sé a thuarascáil deiridh i mí Dheireadh Fómhair. Chuir an Roinn treoir do chomhlachtaí poiblí faoin dea-chleachtas i gcrích freisin chun cleachtais níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a éascú sa todhchaí.

## Oscailteacht, Trédhearcacht agus Freagracht

Tá an Roinn dírithe i gcónaí ar chlár leathan athchóirithe a bhfuil sé mar aidhm aige rialtas oscailte, freagrach agus eiticiúil a sholáthar, a bhfuil córas poiblí trédhearcach, éifeachtúil agus éifeachtach mar bhonn leis, chun cuidiú le hiontaobh sa Rialtas agus in institiúidí an Stáit a atógáil.

### *An Chomhpháirtíocht Rialtais Oscailte*

Idir Lúnasa agus Nollaig 2016, rinne an Roinn comhairliúcháin leis an bpobal agus grúpaí saoránach a raibh foilsiú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta 2016-2018 Na Comhpháirtíochta Rialtais Oscailte mar thoradh air. D'úsáid an próiseas comhairliúcháin réimse modhanna cosúil le hardán comhairliúcháin ar-líne; aighneachtaí teileafóin agus poist a lorg; agus dhá fhóram sibhialta a reáchtáil. Rinne tuarascáil neamhspleách anailís agus léirmheas ar an aiseolas agus tharraing sí le chéile é i liosta gníomhaíochtaí féideartha agus léiríonn sí an bhaint atá idir an t-ionchur a fuarthas agus an plean deiridh. Leagann an Plean 15 Gealltanas amach, le roinnt garsprioc indeimhnithe ag gach ceann acu, a chlúdaíonn na téamaí a leanas:

- Méadú ar Chomhpháirtíocht Saoranach, chun polasaithe agus seirbhísí a fheabhsú;
- Méadú ar Thrédhearcacht, chun gníomhaíochtaí rialtais agus cinntí a thuiscint níos fearr;
- Sonraí Oscailte, le haghaidh trédhearcachta agus nuálaíochta; agus
- Frith-éillitheacht agus Rialachas agus Freagracht Mhéadaithe, chun macántacht sa saol poiblí a chinntiú.

## Beartais Reachtacha agus Rialachais Phoiblí

### *Saoráil Faisnéise*

Tugadh an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 isteach i mí Dheireadh Fómhair 2014, acht a bhí nuachóirithe, daingnithe, athstruchtúrtha agus níos inrochtana. I 2016 rinne an tAire trí Riailfaoin Acht - S.I. 452/2016; S.I. 330/2016; agus S.I. 218/2016.

I rith 2016, thug an Láraonad Polasaí um Shaoráil Faisnéise sa Roinn tacaíocht agus comhairle do shaoránaigh agus do thuairim agus 600 comhlacht Shaorála Faisnéise trína dheasc cabhrach. Rinne sé cathaoirleacht ar 6 chruinniú den Ghréasán Saorála Faisnéise, rinne sé cuir i láthair ag roinnt comhdhálacha agus ocáidí traenála, d'fhorbair sé treoirlínte nua agus chothaigh sé agus rinne sé uasdhátú ar an ábhar ar láithreán gréasáin na Saorála Faisnéise. Choinnigh creat ilsholáthraithe air ag feidhmiú, ag tabhairt traenáil leanúnach agus chuí d'oifigigh SF, déantóirí cinntí agus léirmheastóirí inmhéanacha. Bronnadh 99 conradh ar fad roimh dheireadh 2016, le tuairim agus 5,488 rannpháirtí traenáilte faoin socrú creata seo.

### *Nochtuithe Cosanta*

Soláthraíonn an tAcht um Nochtuithe Cosanta, a d'fhorbair agus a achtaigh an Roinn i 2014, córas singil agus uileghabhálach ar féidir a chur i bhfeidhm go ginearálta chun oibrithe a dhéanann nochtadh cosanta a chosaint (murab ionann agus an sean-chur chuige roinn ar roinn). I 2016, d'oibrigh an Roinn leis an Oifig um Sholáthar Rialtais ar chomhaontú um chreat ilsholáthraithe do sholáthar seirbhísí a bhaineann le fáil agus fiosrú nochtuithe cosanta do chomhlachtaí poiblí agus do sheirbhísí traenála d'oibrithe i gcomhlachtaí phoiblí i dtaca le hoibriú na hAchta um Nochtuithe Cosanta. Táthar ag súil go dtosóidh an comórtas leis na comhaontuithe creata seo a bhronnadh i R2 2017.

### *Rialú na Brústocaireachta*

Thosaigh an tAcht um Rialú Brústocaireachta 2015 ar 1 Meán Fómhair 2015. Bhunaigh sé clár Thosaigh an tAcht um Rialú Brústocaireachta 2015 ar 1 Meán Fómhair 2015. Bhunaigh sé clár gréasánbhunaithe de ghníomhaíocht brústocaireachta chun trédhearcacht chuí a sholáthar faoi "cé atá i dteagmháil le cé faoi chéard". Caithfidh brústocairí clarú agus tuairisc a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí má tá siad i mbun brústocaireachta, teastaíonn tuairisc gach ceithre mhí. Tugadh beagán thar 11,000 tuairisc don chlár brústocaireachta agus tá níos mó ná 1,600 duine agus eagraíocht cláraithe ar an gclár brústocaireachta.

Tá an Roinn tar éis tabhairt faoin gcéad athbhreithniú ar oibriú an Achta um Brústocaireachta, a raibh comhairliúchán poiblí mar chuid de. Táthar ag súil leis an Tuairisc ar an athbhreithniú a chur faoi bhráid an Rialtais i R2 2017, sula dtugtar don Oireachtas í nó sula bhfoilsítear í. Beidh athbhreithniú de dhíth gach 3 bliana ina dhiaidh sin.

### *Clár Athbhreithnithe Dlí Reachtúil*

Achtaíodh an tAcht Um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2016 i Nollaig 2016 agus d'aisghair sé 301 Acht Ginearálta Poiblí a d'achtaigh an tOireachtas idir 1922 agus 1950 a bhí caite nó as feidhm. Laghdaíodh an Leabhar Reachtanna don tréimhse go mór mar gheall air seo. Seo an séú hAcht um Athchóiriú Dlí Reachtúil i gclár a bhfuil sé d'aidhm aige féachaint chuige go bhfuil Leabhar Reachtanna nua-aimseartha agus inrochtana ag Éirinn.

### *Roinnt Sonraí agus Reachtaíocht Rialachais*

Tosaíocht de chuid an Chlár Rialtais 2011-2016, an Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2014-2016, agus Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí is ea sonraí a roinnt níos fearr idir ranna agus gníomhaireachtaí rialtais. D'aontaigh an Rialtas reachtaíocht a ullmhú le sáinordú a thabhairt do mhéadú i roinnt sonraí agus nascadh sonraí sa tseirbhís phoiblí, le meicníocht dhlíthiúil a thabhairt chun roinnt sonraí agus nascadh sonraí a éascú do gach comhlacht poiblí agus chun caighdeáin a sháiniú do rialú agus slándáil sonraí atá le leanúint i gcás aon ghníomhaíochtaí roinnte sonraí nó nasctha sonraí.

Tá an Roinn tar éis a bheith ag obair le hOifig an Ard-Aighne agus páirtithe leasmhara eile ar an mBille um Roinnt agus Rialú Sonraí, a bhfuiltear a súil a chur faoi bhráid an An Comhchoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú i R2 2017 le haghaidh imscrúdaithe réamh-reachtaíochta. Agus an reachtaíocht seo á forbairt, cuspóir soiléir de chuid an Rialtais bae a nár chóir go ndeanfadh roinnt sonraí dochar do chearta ná d'oibleagáidí atá leagtha amach i dlí cosanta an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear Rialachán Ginearálta an AE um Chosaint Sonraí atá le foilsiú ar an reachtaíocht mholta. Tá an Roinn ag obair go dlúth le hOifig an Ard-Aighne maidir leis seo ó foilsíodh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

### *Caighdeáin san Earnáil Phoiblí*

Foilsíodh An Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015 i Nollaig 2015 agus chríochnaigh sé an dara céim sa Dáil in Eanáir 2016. Táthar ag súil go n-achtófar an Bille i 2017.

Tá sé d'aidhm ag an mBille cur go mór leis an gcreat reatha atá ann chun coimhlint leasa a athint, a nochtadh agus a bhainistiú agus le baol éillitheachta a laghdú ar fud na seirbhíse poiblí, chun bogadh i dtreo córas comhaill atá níos dinimiciúla agus riosca-bhunaithe a bhaint amach agus chun féachaint chuige go bhfuil an creat institúideach le haghaidh forbhreathnaithe, fiosraithe agus forfheidhmithe láidir agus éifeachtúil. Comhdhlúthaíonn an Bille seo an creat reachtúil reatha a rialaíonn oibleagáidí eiticiúla oifigeach poiblí agus cuireann sé moltaí na mBinsí i bhfeidhm.

### *Comhpháirteachas le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta*

Chuir an Roinn le freagairt na hÉireann ar luacháltacha agus tograí a cuireadh chun cinn trí Choinbhinsiún na NA i gcoinne Éillitheachta, Grúpaí Oibre ECFE ar bhreabaireacht agus ar Mhacántacht Phoiblí agus tríd an nGrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta de chuid Chomhairle na hEorpa (GSECE).

### *Cód Caighdeán agus Iompair do Chomhairleoirí Speisialta*

De réir Phlean Athnuachana na Státseirbhíse, forbraíodh Dréachtchód Caighdeán agus Iompair do Chomhairleoirí Speisialta, faoi stiúir Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse, agus faomhaíodh é ag an Rialtas i Samhain 2016. Tugadh an dréachtchód don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí le haghaidh comhairliúcháin agus críochnófar é agus tabharfar é don Rialtas le haghaidh faofa agus foilsithe i R2 2017.

Chun tacú leis an gCód agus chun cuidiú le Comhairleoirí Speisialta, d'fhorbair an Roinn clár ionductaithe do Chomhairleoirí Speisialta a bhí dírithe ar thuiscint Comhairleoirí Speisialta a fheabhsú maidir leis an tslí a oibríonn an Státseirbhís agus an tslí an idirghníomhaíonn sé leis an gcóras polaitiúil. Reáchtáladh an clár in Iúil 2016 agus fuair sé aiseolas dearfach ó na rannpháirtithe.

### *Sonraí Oscailte*

I rith 2016, lean obair ar aghaidh ar chur i bhfeidhm an togra Sonraí Oscailte a bhfuil sé d'acmhainn aige riarachán níos oscailte, trédhearcaí agus freagraí a chruthú agus le buntáistí suntasacha a bhaint amach. Rinneadh dul chun cinn suntasach i 2016, ina measc:

- Dul chun cinn agus méadú ar an tairseach sonraí oscailte náisiúnta. Ag deireadh 2016, bhí naisc ann chuig tuairim agus 4,400 tacar sonraí ó 93 foilsitheoir. Méadaíodh é chun feidhm "Mol Tacar Sonraí" a bheith ann chun ligint don phobal iarraidh go gcuirfí tacar sonraí ar leith ar fáil; agus feidhm 'sárthaispeántas' chun ligint d'fhorbróirí sárthaispeántas a dhéanamh ar fheidhmeanna a bhain siad as tacair sonraí (m.sh. forbairt láithreán gréasáin, aipeanna srl.) Cuireadh réamhamhairc léirshamhlaithe leis na tacair sonraí freisin;
- Tháinig Bord Rialaithe Sonraí Oscailte le chéile 8 n-uaire i 2016. Rinne sé comhairliúchán le páirtithe leasmhara éagsúla ar fhorbairt Straitéis Sonraí Oscailte do 2017-2021, a bhfuiltear ag súil le bheith foilsithe i R2 2017.
- Thug an Grúpa Oibre do Chomhlachtaí Poiblí (GOCP) comhairle agus tacaíocht don Roinn agus bhí ionchur aige i ndréachtú 2 Iarratas ar Thairiscint chun Comhaontuithe Creata a bhunú le haghaidh soláthar traenála i Sonraí Oscailte agus chun tacaíocht theicniúil i Sonraí Oscailte a sholáthar;
- Seoladh Ciste Comhpháirteachais Sonraí Oscailte i nDeireadh Fómhair 2016 chun úsáid tacar sonraí ar an tairseach sonraí oscailte a chur chun cinn. Fuarthas 29 iarratas ar fad agus íocadh €30,000 leis an 14 iarrthóirí ar éirigh leo;
- Ghlac an tAonad Sonraí Oscailte páirt i roinnt comhdhálacha agus seimineár i rith na bliana, an Comhdháil Sonraí Oscailte idirnáisiúnta i Madrid, an 3ú Comhdháil NA ar Olltiomsú Sonraí le haghaidh Staitisticí Oifigiúla i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus Comhdháil Predict san RDS san áireamh; agus
- I rith 2016 áiríodh Éire sa tríú háit san iomlán (taobh thiar den Spáinn agus den Fhrainc) maidir le Measúnú Aibíocht Sonraí Oscailte ar fud an AE, 28+ tír measta i dtuarascáil a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach. Togadh an tomhas ar dhá eochairtháscaire - Ullmhacht Sonraí Oscailte agus Aibíocht Tairsí.

## Rialachas Corparáideach

### *Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís*

Forbraíodh Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís agus, tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí, foilsíodh é ag deireadh 2015. Forbraíodh creata rialachais indibhidiúla do Ranna/d'Oifigí faoi dheireadh Mhárta 2016. Chun seo a éascú d'fhorbair an tAonad Athchóirithe Rialtais agus chuir sé i bhfeidhm clár traenála agus tacaíochta i 2015/16.

### *Forbairt Lámhleabhar Treoirlínte agus Dea-chleachtais le hAghaidh Aistriú Feidhmeanna.*

Forbraíodh Lámhleabhar Treoirlínte[2] agus Dea-chleachtais le hAghaidh Aistriú Feidhmeanna le cabhair Ghrúpa Comhairleach Bonn Braite tar éis tiomantais i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse. Faomhaigh an Rialtas é in Eanáir 2016. Leagann sé amach na prionsabail ba chóir a bheith mar bhonn leis na Ranna a bheith ag cur i bhfeidhm aistriú feidhmeanna, ról príomhpháirtithe, an próiseas ar chóir tabhairt faoi i bhforbairt agus cur i gcrích na nOrduithe Aistriú Feidmeanna cuí, chomh maith leis na socruithe airgeadais agus na próisis chumarsáide.

### *Athbhreithniú ar Cheapacháin Leasaithe ar Bhoird Stáit*

D'aontaigh an Rialtas i 2014 córas nua a thabhairt isteach do cheapacháin ar Bhoird Stáit bunaithe ar eochairphrionsabail ar nós cur chun cinn rochtain níos leithne ar dheiseanna ar Bhoird Stáit; bunú critéar mionsonraithe agus cuimsitheach do na rólanna sin; agus tabhairt isteach measúnú trédhearcach agus dian ar iarrthóirí de réir na gcritéar seo. Leagann treoirlínte, a eisíodh i Samhain 2014, amach conas a d'oibreodh an próiseas nua le haghaidh ceapachán ar Bhoird Stáit go praiticiúil. Rinneadh athbhreithniú orthu seo i 2016 chun measúnú a dhéanamh, i measc rudaí eile, ar a n-éifeacht maidir le rannpháirtíocht a mhéadú agus caighdeán na gceapachán a threisiú. Rinneadh seo i bpáirt leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) agus NewERA agus bhí próiseas comhairliúcháin phoiblí, roinnt suirbhéanna, ceardlann agus taighde ar an

[2] Tagraíonn Aistriú Feidhme do leithdháileadh feidhmeanna agus freagrachtaí idir Airí agus Ranna. Tá an Taoiseach, mar cheannaire ar an Rialtas (Airteagal 13, Bunreacht,) freagrach as leithdháileadh feidhmeanna idir Airí, agus eagrúchán foriomlán an rialtais.

gcur chuige a úsáidtear i ndlínsí eile mar chuid de. Táthar ag súil go cuirfidh an tAire dréacht-thuarascáil an Athbhreithnithe faoi bhráid an Rialtais faoi R2 2017 le go measfaí í roimh fhoilsiú. Ag deireadh 2016 tá thar 5,500 duine cláraithe le bheith curtha ar an eolas faoi follúntais a thagann aníos ar Bhoird Stáit.

# 7. Rialtas Digiteach

## Oifig Phríomhoifigigh Fhaisnéise an Rialtais (OPFR)

Bunaíodh Oifig Phríomhoifigigh Fhaisnéise an Rialtais (OPFR) i 2013 faoi chlár oibre Athchóiriú na Státseirbhíse mar chuid den tiomáint le hoiread leasa agus is féidir a bhaint as TFC i dtaca le héifeachtúlacht agus éifeacht sholáthar na Seirbhíse Poiblí a fheabhsú. Tá an PPFR ar thús cadhnaíochta maidir le cur i bhfeidhm Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí a chur chun cinn, ag obair i bpáirt le Ranna agus gníomhaireachtaí ar fud na Seirbhíse Poiblí.

Tar éis a cheapachán in Aibreán 2016, thug PF nua an Rialtais faoi thréimhse dianchomhairliúcháin le heochairpháirtithe leasmhara. Bhí Plean Gníomhaíochta 18 Céim mar thoradh ar an gcomhairliúchán seo, aontaithe le Bord Bainistíochta na Státseirbhíse, a thugann cúig théama straitéiseach de chuid na straitéise ar aghaidh: Tógáil le Roinnt, Digiteach i dTosach, Sonraí mar Eascaítheoir, Rialachas a Fheabhsú, agus Acmhainn a Mhéadú. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar gach gné faoi cheannaireacht ball sinsearach de Bhord Comhairliúcháin TFC, a bunaíodh i lár 2016, agus le tacaíocht agus ionchur ó na Ranna/Oifigí eile ar fud na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí.

Chomh maith leis an Straitéis a chur i bhfeidhm, is é OPFR an comhpháirtí soláthar seirbhíse TFC don Roinn, an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus an Oifig um Sholáthar Rialtais chomh maith leis an Roinn Airgeadais san áireamh.

I rith 2016, lean OPFR air ag forbairt agus ag méadú seirbhísí TFC de réir riachtanas na n-eagraíochtaí seo agus iad ag méadú leo. Soláthraíonn an OPFR príomhsheirbhísí TFC anois do níos mó ná 1,600 úsáideoir trasna níos mó ná 20 suíomh ar fud na tíre, chomh maith le tacaíocht líne ghnó a sholáthar agus comhairle straitéiseach TFC ard-leibhéil don Roinn agus don Roinn Airgeadais.

Ar na buaicphointí ó chlár oibre inmheánach OPFR i rith 2016 tá:

- Bunú Deasc Seirbhíse Uilíoch ilchainéalach don Aonad TFC a d'fhreagair níos mó ná 15,000 glaoch i rith 2016.
- Cur i bhfeidhm athléimneacht infrastructúir méadaithe trí infrastructúr an bhunfhreastalaí agus an fhreastalaí chúltaca TFC a bhogadh go dtí Ionaid Shonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe, ar an tslí sin ag baint leasa as áiseanna níos láidre ionaid sonraí a bhfuil deimniú ISO acu
- Cur i bhfeidhm an pholasaí luaineachta d'úsáideoirí trasna ar n-eagraíochtaí comhpháirtíochta;
- Cur i gcrích feidmiú céimneach córas Bainistithe Taifead Ríomhdhoiciméid ar fud gach réimse den Roinn, ONSC, OSR agus den Roinn Airgeadais.
- Oifig Bainistithe Tionscadal bunaithe chun féachaint chuige go ndéanann OPFR tionscadail mar ba chóir.
- Aistriú infrastructúr an laithréan ghreásáin a fhreastalaíonn ar an bpobal chuig seirbhís néalóstála poiblí curtha i gcrích;
- Forbraíodh réimse feidhmeanna nua, cur i bhfeidhm na bhfeidhmeanna nua eProbation agus LEADS san áireamh, agus laithreán gréasáin nua Mar a dTéann d'Airgead, ag ligint don phobal na háiteanna a gcaitear a n-airgead cánach a fhiosrú.
- Seoladh Banc Sonraí Acmhainní Daonna Státseirbhíse le bheith ar fáil do gach Aonad Acmhainní Daonna Státseirbhíse agus Córas Cothabhála agus Tuairiscithe Scálaí Pá; agus
- Soláthraíodh comhairle straitéiseach ard-leibhéil do réimse custaiméirí agus páirtithe leasmhara chun oiread leasa agus is féidir a bhaint as tionscadail soláthar seirbhíse digití go háirithe i réimse na sráitheanna Bainistiú Caipiteal Daonna.

Tacaíonn OPFR le soláthar digiteach seirbhísí agus tograí nuálaíochta ar fud na Seirbhíse Poiblí trí fhorbairt agus cur i bhfeidhm réimse polasaithe TFC; forbhreathnaíonn sí ar chaiteachas a bhaineann le TFC ag Ranna agus gníomhaireachtaí chun féachaint chuige go bhfuil seo ailínithe leis an Straitéis TFC; agus, déanann sí ionadaíocht ar Éirinn ag leibhéal AE i dtaca le TFC seirbhíse poiblí, ríomhRialtais, agus grúpaí oibre agus fóraim PF.

## Éachtaí de chuid Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí i 2016

Chomh maith leis an bPlean Gníomhaíochta 18 Céim, ar na héachtaí ar leith a rinneadh i dtaca le Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí bhí:

- Digiteach - bunú Oifig Clár Digitigh, ag tuairisciú don Aire Stáit don ríomhRialtas agus do Bhord Bainistíochta na Seirbhíse Poiblí agus tosaíodh ar fhorbairt Geata Seirbhísí Digiteacha nó tairseach. Ligfidh an Geata don phobal agus do ghnónna teacht ar sheirbhísí digiteacha rialtais níos fusa, clárú do idirbhearta agus faisnéis dhírithe agus sa deireadh tosú ar na modhanna trína idirghníomhaíonn saoránaigh agus gnónna leis an Rialtas ar-líne a thabhairt le chéile. I Márta 2016, rinne OPFR óstáil ar seimineár Digiteach i dTosach don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí a raibh beagnach 100 duine i láthair aige.
- Sonraí - tá OPFR agus an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) ag cur an Chárta Seirbhísí Poibí chun cinn agus ag moladh go n-úsáidfí é mar bhealach ag Gníomhaireachtaí Seirbhísí Poiblí le fíordheimhniú saoránach a láimhseáil. Bunaíodh grúpa páirithe leasmhara le coincheap Infrastruchtúr Sonraí Náisiúnta a fhorbairt chun tacú le bainistiú éifeachtach sonraí ar fud an rialtais go léir. Tá OPFR ag obair i gcónaí leis an gCartlann Náisiúnta ar Chomhphlean Bainistithe do Thaifid Seirbhíse Poiblí chun bainistiú agus caomhnú taifead fisiciúil agus digiteach ar fud an rialtais a fheabhsú, is dócha go dtabharfar Meabhrán don Rialtas i 2017.
- Rialachas - Leagann Ciorclán Roinne 2/16 socruithe amach le haghaidh caiteachas a bhaineann cúrsaí digiteacha agus TFC sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí. Bunaíodh an Bord Comhairliúcháin TFC i lár 2016 le hionadaíocht trasna Ranna agus gníomhaireachtaí. Bunaíodh roinnt foghrúpaí freisin le hoibriú le OPFR chun an Plean Gníomhaíochta 18 Céim a thabhairt ar aghaidh. Taobh leis sin, tá OPFR tar éis a chomhpháirtíocht leis an FSS, An Gárda Síochána agus earnáil an Údaráis Áitiúil a neartú.
- Acmhainn - Tá foghrúpa amháin den Bhord Comhairliúcháin TFC ag obair ar straitéis chun féachaint chuige go bhfuil na scileanna agus na hachmainní TFC cuí ar fáil chun freastal ar riachtanais TFC reatha agus todhchaí na Seirbhíse Poiblí agus dá réir sin cur le méadú ar rathúnas na tíre sa ré digiteach; agus
- Tógáil le Roinnt - Tá Ranna Rialtais ag obair as láimh a chéile chun an infrastruchtúr a dhéanamh chomh héifeachtach agus is féidir agus chun oiread úsáide agus is féidir a bhaint as feidhmeanna trí roinnt. Rachaidh seo i bhfeidhm ar TFC poiblí agus cúloifige. Ar an dul chun cinn a rinneadh i 2016 tá:

    - Leanann feidhmiú céimneach Gréasáin Rialtais ar aghaidh le naisc i níos mó ná 30 baile/cathair, ag freastal ar thar 120 oifig Seirbhíse Poiblí ar fud na tíre. I 2017, tosóidh Gréasáin Rialtais ag feidhmiú ag luasanna níos airde chun freastal ar éilimh mhéadaithe;
    - Leanann forbairt Feidhmeanna Comónta agus feidhmiú céimneach ar aghaidh agus leanfaidh an clár ar aghaidh trí 2017. Ag deireadh 2016, tá deich Roinn Rialtais ar bord leis an ardán feidhmeanna comónta leis an gcuid eile ag teacht ar bord go luath i 2017. Tá Ríomhaighneachtaí, córas a thacaíonn le haighneachtaí a bhainistiú go hinmheánach i Ranna beo faoi láthair nó á phíolótú in ocht Roinn; tá rCD, chun freagairtí ar CDanna i Ranna, beo i gceithre Roinn; tá córas bainistithe taifead ríomhdhoiciméid curtha i bhfeidhm in dhá roinn; tá tástáil deiridh ar rChomhfhreagras, chun bainistiú a dhéanamh ar chomhfhreagras a fhaigheann Ranna beagnach réidh agus déanfar é a phíolótú i Roinn amháin go luath i 2017. Ar na forbairtí atá beartaithe le tósú i 2017 tá rSF, chun iarratais SF a phróiseáil; agus
    - Néalinfrastructúr Rialtais. Forbraíodh cruthúnas coincheapa le haghaidh Néalsheirbhís Rialtais príobhaideach go mall i 2016 agus beidh sí ar fáil do na céad spriocghníomhaireachtaí ó thús 2017. Déanfar measúnú ar éifeachtúlacht an chruthúnais choincheapa i rith 2017 bunaithe ar thaithí luathúsáideoirí na seirbhíse.

## Comhpháirteachas ag Leibhéal AE agus Idirnáisiúnta

I rith 2016 rinne OPFR monatóireacht ar fhorbairtí agus rinne ionadaíocht d'Éirinn ag gníomhaíochtaí idirnáisiúnta nuair ba chuí agus bhí sí comhpháirteach i gcoistí agus grúpaí oibre AE ina measc: Coiste ISA2 an Choimisiúin Eorpaigh agus grúpaí gaolmhara; Bord Stiúrtha Phlean Gníomhaíochta ríomhRialtais na hEorpa. D'éirigh go maith le hÉirinn i dTagarmharcáil ríomhRialtais Choimisiún an AE a foilsíodh i Meán Fómhair 2016. Tá Éire sa bharrghúpa d'Úsáideoir-Lárnacht fós, agus d'fheabhsaigh sí in dhá chatagóir eile - Trédhearcacht agus Luaineacht Trasteorann. In Innéacs Géilleagair Dhigitigh agus Sochaí an AE, ar innéacs cumaisc é a achoimríonn tascairí ábhartha ar fheidhmíocht Dhigiteach na hEorpa, tá Éire san 8ú háit as na 28 Ballstát. Beidh comhpháirtíocht leis an AE mar fhócas tábhachtach ag OPFR i gcónaí i rith 2017.

# 8. Soláthar don Earnáil Phoiblí

### *Creata um Sholáthar don Earnáil Phoiblí*

In 2016, lean an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) leis an gClár Athchóirithe Soláthair a stiúradh, i gcomhar lena comhpháirtithe sna hearnálacha Sláinte, Oideachais, Rialtais Áitiúil agus Cosanta. Tá OSR anois ag obair de réir a lánacmhainneachta, le 200 ball foirne, agus tá sí dírithe go háirithe ar sholáthar lárnaithe sa tseirbhís phoiblí a bhainistiú. Le linn na bliana, bhunaigh OSR réimse leathan creat agus conarthaí le cuidiú le comhlachtaí sa tseirbhís phoiblí na hearraí agus na seirbhísí is gá le feidhmiú agus le freastal go héifeachtach ar a gcuid cliant a fháil. Toradh amháin ar an obair sin gur mhéadaigh OSR líon na gcreat gníomhach atá aici go breis agus 100 agus go bhfuiltear ag tógáil go leanúnach ar an obair atá déanta ó tosaíodh ar oibríochtaí a fhoinsiú in 2014. Toradh eile gur chuidigh obair OSR leis an Stát coigilteas suntasach a dhéanamh: sábháladh thart ar €100 milliún in 2016 agus beifear in ann coigilteas eile €94 milliún á dhéanamh in 2017 bunaithe ar na tionscadail thuasluaite.

Bhunaigh OSR 54 creat breise san iomlán in 2016. Bunaithe orthu siúd, eagraíodh 366 iarratas forlíontach i dtaca le tairiscintí nó 'mionchomórtais' ar son údaráis aonair chonarthacha ar fud na seirbhíse poiblí. Bhain siad sin le réimse ábhar, ina measc tithíocht mhearthógtha agus seirbhísí dlí uile-rialtais. Chomh maith leis sin, cuireadh i gcrích 52 conradh saincheaptha maidir le réimse leathan earraí agus seirbhísí, ceamaraí do Ghardaí agus seirbhísí eitilte go hÁrainn ina measc. Is é breis agus €450 milliún an caiteachas measta bliana ag comhlachtaí sa tseirbhís phoiblí i dtaca leis na socruithe soláthair uile a rinne OSR in 2016.

Rinneadh comhshocrú an-suntasach in 2016 idir an Stát agus Cumann Cúram Sláinte na hÉireann don Chógaisíocht maidir le soláthar cógas; tagraítear dó i gCaibidil 2. Mar gheall ar an gcomhshocrú seo, beifear in ann coigilteas iomlán de bhreis agus €560 milliún a dhéanamh sna ceithre bliana atá romhainn, mar aon le €200 milliún eile a shábhálfar toisc na téarmaí atá ann cheana féin sa chomhaontú a rinneadh roimhe seo (2012).

Rud suntasach eile in 2016 ról OSR sa chlár imeachtaí comórtha ar chéad bliain ó bhí Éirí Amach na Cásca ann. Stiúraigh OSR foireann trasfheidhme a ranna éagsúla páirteach inti – Oifig na nOibreacha Poiblí, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Cosanta ina measc – chun soláthairtí agus seirbhísí riachtanacha a fháil agus a chur ar fáil in am agus de réir mar a sonraíodh le haghaidh imeachtaí ar leith: an searmanas agus an mórshiúl comórtha i lár Bhaile Átha Cliath Domhnach na Cásca, an t-imeacht san RDS do ghaolta na ndaoine a ghlac páirt in Éirí Amach 1916 agus imeachtaí eile nach iad. Chuir gnéithe ar leith den obair go mór le rath an chomórtha. Ag croílár an chomhoibrithe bhí pleanáil ríchúramach in achar gairid ama agus fócas ar ardchaighdeán agus ar luach ar airgead.

### *Próiseas Comhairliúcháin le Páirtithe Leasmhara*

Tá an tAire Stáit Seirbhísí Airgeadais, Ríomhrialtais agus Soláthair Phoiblí mar chathaoirleach ar an nGrúpa Oibre um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide. Tá ról tábhachtach ag an nGrúpa ó thaobh dul i gcomhairle agus i dteagmháil leis na príomhpháirtithe leasmhara a bhíonn ag plé le soláthar poiblí. Bíonn an Grúpa á bhainistiú ag OSR agus bhí cruinnithe aige i mí Iúil agus i mí Dheireadh Fómhair. Labhair an tAire Stáit sa Seanad i mí Iúil faoi sholáthar poiblí, agus i mí na Samhna chuir sé urlabhraithe an fhreasúra ar an eolas faoi na forbairtí reatha sa chlár athchóirithe soláthair. Ina dhiaidh sin, i mí na Nollag, thug sé caint níos ginearálta ag ócáid ar tugadh cuireadh do gach ball den Oireachtas a bheith i láthair aici.

Casann OSR go rialta le ceannaitheoirí agus le soláthróirí ag ócáidí éagsula ar fud na tíre chun eolas praiticiúil agus comhairle a thabhairt dóibh. In 2016, bhí OSR ag ceardlanna soláthair d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide eagraithe ag Oifigí Fiontair Áitiúla i gContae Lú agus i gContae Thiobraid Árann. Bhí siad i láthair freisin ag an gComórtas Náisiúnta Treabhadóireachta, ag imeacht Procurex Ireland san RDS – ar a raibh 600 ceannaitheoir agus soláthróir (ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon) – agus ag imeachtaí 'Meet the Buyer' i mBéal Feirste agus i gCorcaigh.

Bhí Deasc Chabhrach na Rannóige Seirbhíse do Chustaiméirí i dteagmháil le cliaint agus le soláthróirí san earnáil phoiblí i gcaitheamh 2016. Pléadh le beagnach 10,000 ceist, breis agus dhá oiread an mhéid ar pléadh leis in 2015.

### *Treoracha an AE*

Aistríodh dhá Threoir AE nua um Sholáthar isteach i ndlí na hÉireann i mí na Bealtaine. 'an Treoir Chlasaiceach' agus 'an Treoir um Fhóntais'. Leanadh ar aghaidh le hobair le linn na bliana leis an gcuid a bhí fágtha de 'Threoir na Lamháltas' a aistriú. D'eagraigh OSR seisiúin oiliúna agus eolais a bhain leis na Treoracha do thart ar 500 duine ó 64 comhlacht san earnáil phoiblí a bhíonn ag plé le soláthar poiblí.

### *Conarthaí d'Oibreacha Poiblí*

Foilsíodh leasuithe eatramhacha i mí Eanáir ar fhoirmeacha a bhaineann le conarthaí d'oibreacha poiblí. Rinneadh na leasuithe mar fhreagairt ar mholtaí a luaíodh san athbhreithniú ar chonarthaí d'oibreacha poiblí; is amhlaidh a dréachtaíodh na leasuithe i ndiaidh phróiseas leathan comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.

### *An Tuarascáil ar Chaiteachas sa tSeirbhís Phoiblí agus ar Anailís ar Thairiscintí*

De réir an dualgais atá ar OSR trédhearcacht i gcúrsaí soláthair phoiblí a mhéadú, agus d'fhonn anailísíocht sonraí maidir le caiteachas poiblí ar earraí agus ar sheirbhísí a fheabhsú, sheol an tAire Stáit Seirbhísí Airgeadais, Ríomhrialtais agus Soláthair Phoiblí Tuarascáil 2014 ar Chaiteachas sa tSeirbhís Phoiblí agus ar Anailís ar Thairiscintí i mí Mheán Fómhair. Sa tuarascáil, curtha le chéile ag OSR, rinneadh anailís ar luach beagán níos lú ná €4 billiún, nó dhá thrian, den chaiteachas ar sholáthar poiblí i raon OSR agus a comhpháirtithe earnála. Bhain 95% den chaiteachas a ndearnadh anailís air le gnólachtaí sa Stát agus bhain an chuid is mó de le fiontair bheaga agus mheánmhéide

### *Proifisiúnú Soláthair don Earnáil Phoiblí*

Mar chuid dá ról proifisiúnú soláthair phoiblí a chur chun cinn ar fud na seirbhíse poiblí, d'eagraigh OSR an chéad Chomhdháil ar Sholáthar don Earnáil Phoiblí i mí Mheán Fómhair i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Bhí baill foirne OSP agus ó na heagrais foinsithe sna hearnálcha comhpháirtíochta ag an gcomhdháil; bhí cainteoirí as Éirinn agus as tíortha eile ann agus bhí seisiúin ann a dhírigh ar ghnéithe ar leith de sholáthar don earnáil phoiblí.

Bhain OSR ceithre ghradam ag na Gradaim Náisiúnta Soláthair agus Slabhra Soláthair ar an 6ú Nollaig:

- *An Gradam Soláthar den Scoth – an Earnáil Phoiblí* as an tsamhail athchóirithe soláthair a chur i bhfeidhm;
- *An Gradam Comhoibriú i gCúrsaí Soláthair – an Earnáil Phoiblí* as imeachtaí comórtha an Stáit ar Éirí Amach 1916, i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Oifig na nOibreacha Poiblí;
- *Tionscadal Soláthair na Bliana – an Earnáil Phoiblí* as an gCreat Náisiúnta um Sholáthar Seirbhísí Dlí; agus
- *An Sárghradam Soláthair agus Slabhra Soláthair* as imeachtaí comórtha an Stáit ar Éirí Amach 1916, i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

Lena chois sin, bhí OSR ar an ngearrliosta don ghradam Foireann Soláthair na Bliana – an Earnáil Phoiblí. Bhí na Gradaim Feabhais agus Nuálaíochta sa Státseirbhís ar siúl ar an 6ú Nollaig freisin. Bhí OSR ar an ngearrliosta don ghradam Feabhas Polasaithe as an tionscadal le deiseanna a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide soláthar don earnáil phoiblí. Bhí OSR ar an ngearrliosta freisin don ghradam Léargas agus Anailís as an obair leis an Roinn Sláinte, leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le FSS ar ath-idirbheartaíocht i dtaca le cógais. Bronnadh gradam ardmholta as an dá thionscadal sin.

# 9. Seirbhísí Comhroinnte

## An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) sa Roinn ar bhonn riaracháin in 2014. Tá sé mar dhuaglas ar ONSC an straitéis seirbhísí comhroinnte a stiúradh agus tionscadail seirbhísí comhroinnte a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs athchóiriú na seirbhíse poiblí trí chéile ar fud na státseirbhíse. Bíonn ONSC ag cur seirbhísí comhroinnte ar fáil don státseirbhís agus tugann sí comhairle agus treoir maidir le caighdeán seirbhísí comhroinnte, forbairt polasaithe agus taighde don tseirbhís phoiblí.

## Seirbhísí Comhroinnte sa Státseirbhís

In 2016, thosaigh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ag cur seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, pinsin agus párolla i bhfeidhm sa státseirbhís. Cuireadh tús freisin leis an tionscadal le seirbhísí comhroinnte bainistiú airgeadais a chur ar fáil.

Bíonn gníomhaíochtaí riaracháin a mbíonn líon ard acu le déanamh á mbainistiú ag PeoplePoint, an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Acmhainní Daonna agus Pinsin, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Cuireann sé seirbhísí éagsúla acmhainní daonna agus pinsin ar fáil do chustaiméirí maidir le saoire, neamhláithreacht agus riar pá. Bíonn 34,500 státseirbhíseach ó 39 comhlacht seirbhíse poiblí ag fáil a gcuid seirbhísí acmhainní daonna agus riar pinsin ó PeoplePoint anois. Tá trí ionad ag an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla: i nGaillimh, i gCill Airne agus i dTulach Mhór. Cuireann sé seirbhísí párolla, taistil agus riar costas ar fáil do 103,000 duine in 43 eagras, 57,000 duine atá ar an bpinsean ina measc. Is é €2.9 billiún luach na n-íocaíochtaí bliantúlaithe faoi láthair.

Seo a leanas na príomhéachtaí a baineadh amach in 2016:

- Thosaigh 29,400 custaiméir nua sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí ag baint úsáide as seirbhísí comhroinnte in 2016; is é thart ar 100,000 líon iomlán na gcustaiméirí ar freastalaíodh orthu go dtí seo
- Aistriú leanúnach rathúil na ranna agus na gcomhlachtaí seirbhíse poiblí is cliaint go córas na seirbhísí comhroinnte – d'aistrigh 4 chliant úra a seirbhísí go PeoplePoint agus d'aistrigh 11 chliant go dtí an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla;
- Thug an Rialtas cead chun an tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Bainistiú Airgeadais a chur ar aghaidh chuig céim an deartha. Is amhlaidh a bronnadh conradh ar an gcomhpháirtí a chuirfidh an córas i bhfeidhm le go bhféadfaí tosú ar ardán nua a thógáil le haghaidh réiteach aonair bainistiú airgeadais;
- Foilsíodh Bille na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, 2016 chun ONSC a bhunú mar oifig aisti féin de chuid na státseirbhíse;
- Fuarthas cead ón aire le haghaidh samhail nua rialaithe don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, lenar áiríodh bunú Bord Eatramhach ONSC;
- Rinneadh comhaontuithe seirbhíse le gach cliant de chuid ONSC i ranna Rialtais agus i gcomhlachtaí éagsúla seirbhíse poiblí. Cruthaíodh comhaontú amháin bainistiú seirbhísí d'fhostaithe i dtaca le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, pinsin agus párolla sa todhchaí;
- Bunaíodh oifig bainistiú tionscadal;
- Bíonn cultúr na foghlama, na forbartha agus an fheabhsaithe leanúnaigh á dhaingniú;
- Dréachtaíodh an chéad ráiteas straitéise trí bliana do ONSC;
- Cuireadh i bhfeidhm an plean straitéiseach acmhainní daonna chun feidhm acmhainní daonna ONSC a bhunú; agus
- Bunaíodh oifig chorparáideach ONSC chun na bunchlocha a leagan síos agus ONSC á bunú mar oifig ar leith aisti féin.

## Seirbhísí Comhroinnte Bainistiú Airgeadais

Beidh feabhsuithe cearta ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht fheidhm lárnach airgeadais an Rialtais mar thoradh ar obair an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Bainistiú Airgeadais. Áireofar próiseáil bearta airgeadais amhail íoc sonrasc, próiseáil admhálacha, cuntasaíocht i dtaca le sócmhainní seasta, agus na cuntais

ghinearálta mhórleabhair agsu na cuntais dílsithe a bhíonn á n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá an Lárionad le tosú a chur seirbhísí riaracháin airgeadais ar fáil in 2018. Bainfear úsáid as teicneolaíocht choitianta agus as gnáthaimh chaighdeánaithe chun croísheirbhísí bainistiú airgeadais a chur ar fáil do 48 eagras aitheanta Rialtais; beidh na heagrais sin go léir páirteach sa chóras faoi 2020. Meastar go mbeidh laghdú suntasach €15.4m nó mar sin ar an gcostas bliantúil ar airgeadas. Bainfear é sin amach trí laghdú ar an gcostas ar theicneolaíocht airgeadais agus trí laghdú ar an líon ball foirne atá de dhíth le seirbhísí próiseála i dtaca le bainistiú airgeadais a chur ar fáil go coibhéis 145 ball foirne lánaimseartha

In 2016, bhain an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte cloch mhíle shuntasach amach trí fhorbairt réiteach nua teicneolaíochta airgeadais don Rialtas a thabhairt ar aghaidh. Cuirfear ardán aonair teicneolaíochta airgeadais i bhfeidhm in ionad 31 córas airgeadais atá i ranna agus in oifigí éagsúla Rialtais faoi láthair, agus éascóidh an t-ardán nua próiseáil beart sa Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

### Seirbhísí Comhroinnte in Earnálacha Eile Seirbhíse Poiblí

Tá ról ceannasaíochta ag ONSC freisin, mar atá tacú le hearnálacha tábhachtacha sa tseirbhís phoiblí – oideachas, sláinte agus rialtas áitiúil – agus a gcuid pleananna do sheirbhísí comhroinnte á dtabhairt ar aghaidh acu. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh maidir le feidhmiú an tionscadail MyPay, seirbhís chomhroinnte phárolla agus aoisliúntais d'earnáil an rialtais áitiúil. Go dtí seo, tá 25 údarás áitiúil, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil páirteach agus 'beo' i Lárionad Seirbhísí Comhroinnte MyPay.

San earnáil oideachais agus scileanna, tá seirbhísí comhroinnte párolla agus bainistiú airgeadais do na boird oideachais agus oiliúna á gcur ar aghaidh mar thosaíocht. Déanfar athbhreithniú piaraí ar an gcás gnó don tionscadal bainistiú airgeadais i mí Eanáir 2017. Lena chois sin, tríd an tionscadal seo bhíothas in ann réiteach ríomhshonrascaithe a fhorbairt agus córas cártaí soláthair a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála. San earnáil ardoideachais, táthar le bainisteoir clár agus foireann a earcú sa chéad ráithe in 2017 do na seirbhísí comhroinnte párolla. Tá tús curtha le tionscadal chun párolla fostaithe scoile na Roinne a uasghrádú go caighdeán lánseirbhíse comhroinnte. Faoi láthair, táthar ag freastal ar bhreis agus 100,000 múinteoir agus pinsinéir san ionad i mBaile Átha Luain.

San earnáil sláinte, tá roinnt tionscadal seirbhíse comhroinnte á gcur ar aghaidh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte trí Aonad na Seirbhísí Gnó Sláinte (ASGS), ina measc párolla, pinsin, earcú agus bainistiú airgeadais. Tá ráta críochnaithe 80% nó mar sin bainte amach ag ASGS i dtaca leis na 43 gníomh a luaíodh sa chéad dul síos i Straitéis 2014-2016 an ASGS. Tá straitéis 2016-2019 foilsithe agus tá 22 gníomh luaite ann; luaitear 10 gcinn acu mar ghníomhartha an-suntasacha nó bunathraitheacha.

# 10. Ag tacú leis an bhFoireann a misean a bhaint amach

## Bainistiú Acmhainní Daonna

Tá Aonad na Straitéise Acmhainní Daonna freagrach as straitéis acmhainní daonna na Roinne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus as réimse leathan seirbhísí acmhainní daonna a chur ar fáil. Feidhmíonn an tAonad mar éascaitheoir le cuidiú leis an Roinn a croíchuspóirí caiteachais agus athchóirithe a ghnóthú trína chinntiú go mbíonn an fhoireann chomh héifeachtach agus is féidir agus go mbíonn na scileanna agus an t-eolas is gá acu chun na héilimh éagsúla a chomhlíonadh.

Le blianta beaga anuas, bhí ról lárnach tacaíochta ag an Aonad Acmhainní Daonna i bhforbairt na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, ONSC, agus na hOifige um Sholáthar Rialtais, OSR. In 2016, tionscnaíodh tionscadail chun tacú níos mó lena bhforbairt trí struchtúir a chur i bhfeidhm a chuirfidh ar a gcumas do ONSC agus do OSR feidhmiú go neamhspleách ar bhonn riaracháin. Go dtí go n-achtófar reachtaíocht chun ONSC agus OSR a bhunú mar chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne, beidh siad freagrach as a bhfeidhmeanna acmhainní daonna féin a bhainistiú ar bhonn riaracháin, le héifeacht ón 1 Eanáir 2017 ar aghaidh. Is é an chéad chéim nádúrtha eile feidhmeanna neamhspleácha corparáideacha agus riaracháin a bhunú, acmhainní daonna san áireamh, in OSR agus ONSC araon. Is príomhchloch mhíle atá ann freisin céim riachtanach a thabhairt i dtreo a bheith neamhspleách go feidhmiúil ar an Roinn.

## Comhpháirtíocht Ghnó i dtaca le hAcmhainní Daonna

Leanadh ar aghaidh le neadú na feidhme comhpháirtíochta gnó ar fud na Roinne in 2016. Cuirtear an fheidhm seo i láthair mar sheirbhís chomhairliúcháin/chomhairle a dtig le bainisteoirí sinsearacha agus baill foirne úsáid a bhaint as de réir mar is gá. Ar na hidirghabhálacha rathúla bhí forbairt an Chiorcal Comhrá do bhainisteoirí líne agus do bhaill foirne agus tabhairt isteach córas nua dénártha rátála um Bainistiú agus Forbairt Feidhmíochta. Cuireadh seisiúin eolais ar fáil do bhreis agus 600 ball foirne, agus tá an uirlis nuálach seo in úsáid go leathan sa státseirbhís.

Tá cur chuige straitéiseach i dtaca le cionroinnt acmhainní foirne á neadú go leanúnach ar fud na Roinne lena chinntiú go mbíonn na hacmhainní á gcur chuig an áit cheart de réir na dtosaíochtaí gnó. Bíonn Grúpa Pleanála an Fhoras Oibre ag teacht le chéile go leanúnach agus ar bhonn rialta chun athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag forbairtí agus tionscnaimh nua a bhaineann leis an bpolasaí acmhainní daonna.

Chomh maith le tacaíocht a thabhairt do na rannóga trí cheardlanna bliantúla pleanáil ghnó a éascú, thacaigh na Comhpháirtithe Gnó le hearcú agus socrú 102 ball foirne sa Roinn. D'obair siad go dlúth le lucht bainistíochta IGEES ar fheachtais shaincheaptha earcaíochta freisin i rith na bliana.

Bíonn líon ard cásanna trasghníomhaíochta acmhainní daonna agus ceisteanna casta á mbainistiú ag an Aonad freisin. Tá fócas leanúnach ann ar chaidreamh daingean oibreachais a chothú trí mheicníocht fhoirmiúil Chomhairle na Roinne agus trí theagmháil leanúnach le hionadaithe foirne.

## Oibríochtaí Acmhainní Daonna

Tá ról tábhachtach leanúnach tacaíochta ag an bhfeidhm earcaíochta agus roghnaithe agus an clár oibre dúshlánach athchóirithe á chur i bhfeidhm ag an Roinn. In 2016, d'earcaigh an Roinn 354 ball foirne; chuaigh an chuid is mó acu ag obair i bpoist a bhaineann le seirbhísí comhroinnte (PeoplePoint agus Seirbhísí Comhroinnte Párolla).

Aithnítear an tábhacht atá le clár ionduchtúcháin na Roinne, go háirithe d'earcaithe nua sa státseirbhís; bhí 9 seisiún ann in 2016 le haghaidh breis agus 100 ball foirne. Rud a chuir leis an gClár Ionduchtúcháin tabhairt isteach Clár athnuaite Cairde do bhaill foirne nua. Is rud tábhachtach é agus baill nua foirne ag teacht isteach sa Roinn.

Tá sé go fóill dúshlánach baill foirne a choinneáil. In 2016, bhainistigh an tAonad 230 imeacht ag baill foirne: d'imigh an chuid is mó acu toisc go raibh ardú céime faighte acu nó as siocair go raibh siad ag dul ag obair i bpost ag an ngrád céanna.

## Forbairt Eagraíochtúil

Tá Straitéis Foghlama agus Forbartha Acmhainní Daonna ONE 2015-2017 go fóill á gcur i bhfeidhm. Tá fís, misean agus spriocanna na Roinne maidir le foghlaim agus forbairt curtha i láthair inti, agus daingníonn an straitéis cultúr na foghlama agus na forbartha leanúnaí ar fud na Roinne. Ghlac 457 ball foirne páirt i dtionscnamh foghlama nó forbartha foirmiúla amháin, nó níos mó, in 2016. Cláraíodh 1,908 lá oiliúna foirmiúla; is é sin 5.3 lá oiliúna foirmiúla an duine ar an meán; méadú 32.3% atá ann ar líon iomlán na laethanta oiliúna foirmiúla le hais 2015. Bhí méadú 24.4% le hais 2015 ar líon meánach na laethanta oiliúna in aghaidh an bhall foirne; 43% an méadú ar an gcostas meánach cóimhéid a infheistíodh in aghaidh an bhall foirne.

Bhí na hidirghabhálacha foghlama agus forbartha comhlánaithe ag scéim chuimsitheach oideachais iar-iontrála a thacaigh le 14 bhall foirne a bhí i mbun clár acadúil i réimse ábhar, ina measc airgeadas, gnó agus eacnamaíocht, acmhainní daonna, anailís ar pholasaithe, staidéar dlí, córais faisnéise agus bainistiú poiblí. Tá forbairt ghairmiúil leanúnach mar ghné an-tábhachtach d'fheabhsú scileanna na mball foirne agus dá bproifisiúnú. Éascaíodh forbairt ghairmiúil leanúnach i ngach rannóg sa Roinn; clúdaíodh freastal ar sheimineáir, ar chomhdhálacha, ar chláir ghairide oiliúna poiblí agus síntiúis do chomhlachtaí gairmiúla.

## Bainistiú Corparáideach

Lean foireann chorparáideach na Roinne de bheith ag cur tacaíocht chorparáideach ar fáil don Ard-Rúnaí agus don Roinn uile. Áiríodh leis an tacaíocht sin ceisteanna Dála a riar agus a phróiseáil, iarratais faoin Acht um Chosaint Sonraí, ionstraimí reachtúla, ríomh-mheabhráin aireachta agus iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a bhain leis an Roinn. Rinne an fhoireann comhordnú freisin ar chur chuige na Roinne i leith rialaithe, bainistiú riosca agus an chreata chomhlíonta.

Is iad seo a leanas na príomhthorthaí in 2016:

- Ullmhaíodh Ráiteas Straitéise 2016-2019, pleananna gnó 2016 agus 2017 agus Tuarascáil Bhliantúil 2015 na Roinne. Caithfear an Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a chur isteach taobh istigh de 6 mhí d'Aire nua a bheith ceaptha. Leagtar amach ann pleananna na Roinne chun leanúint leis an obair ar mhaithe leis an bpobal trí chreat inbhuanaithe caiteachais phoiblí a chur i bhfeidhm a chuideoidh le geilleagar láidir a chinntiú ionas gur féidir sochaí chothrom a bhunú, de réir mar atá leagtha amach sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta. Tá sé de rún ag an Roinn freisin bunchlocha a leagan síos don todhchaí tríd an athchóiriú a chur chun tosaigh agus a éascú lena chinntiú go gcuirtear seirbhísí poiblí ar fáil ar an dóigh is éifeachtaí agus is éifeachtúla, trí struchtúir thrédhearcacha, chuntasacha;
- Críochnaíodh cur i bhfeidhm agus comhdhlúthú an chórais leictreonaigh bainistiú cáipéisí agus taifead laistigh den Roinn;
- Forbairt agus cur i bhfeidhm polasaí inmheánach na Roinne maidir le Nochtuithe Cosanta de réir an Achta um Nochtuithe Cosanta, 2014;
- Foilsiú Scéim Foilsithe na Roinne um Shaoráil Faisnéise. Leis an Scéim Foilsithe, cuirtear i bhfeidhm Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Is é aidhm an ailt sin cuidiú leis an bpobal tuiscint níos fearr a fháil ar chomhlachtaí poiblí agus ar na feidhmeanna atá acu;
- Trí imscrúduithe a dhéanamh ar bhainistiú eolais in eagrais eile, leagadh síos bunchloch le cur chuige i leith bhainistiú eolais sa Roinn a fhorbairt, agus cuireadh tús le hobair chun an cur chuige sin a chur i bhfeidhm;
- Ullmhaíodh tuarascáil ar dhul chun cinn na Roinne maidir le cur i bhfeidhm a creata mhaoirsithe do na comhlachtaí atá faoina coimirce agus bhreithnigh an Bord Bainistíochta í;
- Rinneadh athbhreithniú ar Pholasaí Riosca na Roinne agus ullmhaíodh treoir leasaithe don fhoireann faoin dóigh a ndéantar rioscaí a aithint agus faoi conas a thuairiscítear bainistiú rioscaí sa Roinn. Tá an treoir leasaithe seo mar dhúshraith le tuairisciú níos foirmiúla ar bhainistiú rioscaí agus le breithniú rioscaí ag leibhéal an bhoird; agus
- Rinneadh Lámhleabhar cuimsitheach Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde agus Ráiteas Sábháilteachta (lena n-áirítear 20 cáipéis tacaíochta) agus rinneadh measúnú riosca ar gach foirgneamh de chuid na Roinne.

Thug an fhoireann chorparáideach tacaíocht agus treoir freisin maidir le comhshocruithe airgeadais agus corparáideacha don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus don Oifig um Sholáthar Rialtais chun cuidiú leo san aistriú acu ina n-eagrais ar leith.

Maidir le bainistiú airgeadais, cuireadh tús le hobair chun comhshocruithe nua bainistíochta a chur i bhfeidhm don Roinn, lena n-áirítear ullmhúcháin chun Aonad Airgeadais nua a bhunú.

### Dearbhú a Sholáthar don Ard-Rúnaí: Iniúchóireacht Inmheánach agus AE

Soláthraíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus AE seirbhís iniúchóireachta inmheánaí don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Roinn Airgeadais. Is é an tÚdarás Iniúchóireachta ainmnithe é freisin do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa in Éirinn, de réir mar a éilítear le rialacháin an Aontais Eorpaigh. Tá Plean Straitéiseach um Iniúchóireacht Inmheánach 2016-19 déanta ag an Aonad chun a thosaíochtaí féin a ailíniú le Plean Straitéiseach na Roinne don tréimhse chéanna

Rinne an tAonad Iniúchóireachta seacht dtuarascáil iniúchóireachta inmheánaí don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar chuid dá chlár iniúchta in 2016. Mar thoradh orthu sin, tá moltaí déanta le gnéithe éagsúla atá iontach tábhachtach ó thaobh gnó de a fheabhsú i bpróisis na Roinne. Lena chois sin, thug an tAonad Iniúchóireachta tacaíocht shuntasach don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun córas leathan, daingean dearbhúcháin a fhorbairt agus a mhaoirsiú i ngach clár seirbhíse comhroinnte, go príomha iontu siúd a bhaineann la hacmhainní daonna (PeoplePoint) agus le seirbhísí comhroinnte párolla. Mar chuid dá chomhshocrú i dtaca le seirbhís chomhroinnte iniúchóireachta inmheánaí leis an Roinn Airgeadais, rinne an tAonad Iniúchóireachta seacht dtuarascáil iniúchóireachta inmheánaí a bhain lena chlár iniúchóireachta in 2016, agus cuireadh na torthaí faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta na Roinne.

### Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse (SCFS)

Chuir an SCFS go mór le héifeachtacht eagraíochtúil trí réimse leathan tacaíochtaí a chur ar fáil do bhainisteoirí agus d'fhostaithe ar fud na státseirbhíse ar bhonn réigiúnach. Bhain 11% de na státseirbhísigh a bhí go fóill i mbun oibre úsáid as tacaíocht duine le duine ón SCSF maidir le dúshláin éagsúla phearsanta agus/nó oibre in 2016.

Faoi Straitéis Chumarsáide SCFS, díríodh go sainiúil ar thacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí líne agus do rannóga acmhainní daonna in 2016. Cuireadh tús le hobair le Treoir do Bhainisteoirí Líne a fhorbairt, agus tionscnaíodh próiseas comhairliúcháin le fócasghrúpa trasrannach. Seoladh CSEAS Connect in 2016, nuachtlitir nua a thagann amach dhá uair sa bhliain.

Rinne SCFS an dara suirbhé dá cuid le custaiméirí in 2016 agus cláraíodh ráta sásaimh an-dearfach. Beidh Plean Gnímh 2017 SCFS bunaithe ar na torthaí foghlama ón suirbhé.

Leanadh le fócas SCFS ar a bheith ag cur na dea-shláinte agus na folláine chun cinn san áit oibre i gcaitheamh 2016. Díríodh níos mó ar fhéinmharú a chosc, agus bhí tionscnaimh fhorghníomhacha ann le cuidiú le rannóga acmhainní daonna freagairt i gcás baill foirne a bheith faoi bhrú agus ag smaoineamh ar lámh a chur ina mbás féin.

### Oifig an Phríomhoifigigh Leighis (OPL)

Chuir OPL seirbhís sláinte ceirde éifeachtach agus cost-éifeachtúil ar fáil in 2016, mar aon le comhairle pholasaí faoi cheisteanna sláinte ceirde don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí. Bhí dlúthpháirt ag OPL sa nuashonrú ar na próisis íocaíochta/chumais a bhí ann cheana féin maidir le saoire bhreoiteachta/tinneas criticiúil. Thug an Oifig cúnamh leanúnach freisin don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus don Oifig um Sholáthar Rialtais.

D'fhoilsigh OPL eagrán a raibh nuashonrú suntasach déanta air dá Treoir faoi Scagadh Sláinte san Áit Oibre, a chuidíonn le ranna rialtais cláir scagtha a bhunú leis an dea-shláinte a chur chun cinn. Rinne an Oifig nuashonrú freisin ar a suíomh idirlín: tá áit ar leith ann a dtig le lucht acmhainní daonna logáil air agus tá cuidiú ar fáil ann dóibh agus do bhainisteoirí maidir le ceisteanna sláinte agus oibre.